Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10602/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0179 (NLE)**

**SOC 446**
**EMPL 310**
**EDUC 253**
**JEUN 162**
**ECOFIN 597**
**MI 524**
**FISC 127**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 316 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 316 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 316 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 13.6.2023
COM(2023) 316 final

2023/0179 (NLE)

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt

{SWD(2023) 208 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Dírítear le **Colún Eorpach na gCeart Sóisialta** an treo chun **Eoraip shóisialta láidir** a bhaint amach atá **cothrom**, **ionchuimsitheach** agus **atá ina hEoraip ina bhfuil deis ag gach duine a bheith faoi bhláth**. Is gá iarracht chomhpháirteach ó institiúidí an Aontais Eorpaigh, údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta uile chun na bearta sonracha a leagtar amach sa phlean gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach.

Mar thoradh ar dhúshláin amhail an t- athrú aeráide, an digitiú, éagothromaíochtaí atá ag méadú agus an t- athrú déimeagrafach, d'fhorbair an tAontas Eorpach tacar beartas lena ndírítear ar **aistriú cóir inbhuanaithe ionchuimsitheach** a chur chun cinn, a bhfuil an Comhaontú Glas don Eoraip[1] ina chroílár. Cuirtear i dtábhacht an gá práinneach leis an aistriú seo mar gheall ar **iarmhairtí forleathana** phaindéim COVID- 19 agus chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

Tá **eintitis an gheilleagair shóisialta**, a fhostaíonn thart ar 13.6 milliún duine san Aontas[2], ar thús cadhnaíochta an aistrithe seo. Léirigh siad go bhfuil cumas suntasach acu chun cothú a dhéanamh ar **phobail** agus **samhlacha gnó athléimneacha agus ionchuimsitheacha**, **rannpháirtíocht dhaonlathach** agus **geilleagar a fhóireann do chách.** Cuireann siad go mór le OTI i dtíortha ag a bhfuil na struchtúir geilleagair shóisialta is forbartha[3].

Is scáth- théarma é **geilleagar sóisialta** a chumhdaíonn réimse leathan eintiteas príobháideach a thugann tús áite do dhaoine agus do chúiseanna sóisialta agus comhshaoil seachas brabús. Cé go bhféadfadh éagsúlacht a bheith i gceist, ag brath ar thraidisiúin náisiúnta, maidir le raon feidhme agus leis na téarmaí a úsáidtear chun tuairisc a thabhairt ar choincheap an gheilleagair shóisialta, de ghnáth bíonn **comharchumainn**, **cumainn chomhshochair**, **comhlachais** (lena n- áirítear carthanachtaí), **fondúireachtaí**, agus **fiontair shóisialta** ann. In éineacht le tús áite a thabhairt do dhaoine agus don phláinéad, tá na heintitis seo ar aon intinn maidir le príomhphrionsabail eile, lena n- áirítear brabúis a ath- infheistiú i ngníomhaíochtaí a fhreastalaíonn ar an leas comhchoiteann nó a ath- infheistiú sa tsochaí, agus rialachas daonlathach agus/nó rialachas rannpháirteach.

Fógraíodh an togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le creatdálaí don gheilleagar sóisialta a fhorbairt i **bplean gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh don gheilleagar sóisialta**[4] in 2021. Sa phlean gníomhaíochta, mhol an Coimisiún go ndéanfaí céimeanna sonracha faoi 2030 chun nuálaíocht shóisialta a neartú, an geilleagar sóisialta agus a shamhlacha gnó agus eagraíochtúla a chothú, agus chun a chumhacht chlaochlaithe don gheilleagar agus don tsochaí a mhéadú. Dírítear ar a chur ar a chumas don gheilleagar

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal*The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip] (COM(2019) 640 final).

2 Fíor ina gcumhdaítear an AE- 28. Féach Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Monzon, J. L., Chaves, R., *Recent evolutions of the Social Economy in the European Union* [Éabhlóidí a tháinig ar Gheilleagar Sóisialta an Aontais Eorpaigh le déanaí], 2017, lch. 66.

3 Mar shampla, 10 % de OTI sa Fhrainc, https://www.economie.gouv.fr/leconomie-sociale-et-solidaire.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún, dar teideal*Building an economy that works for people:* [Geilleagar a thógáil ar geilleagar é a fhóireann do dhaoine:]*an action plan for the social economy*[plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta], COM(2021) 778 final.

sóisialta a bheith ag fás trí **dhálaí níos córa a chruthú**, **fás gnólachtaí nuathionscanta agus méadú a éascú**, agus **feasacht a mhúscailt** maidir lena acmhainneacht.

Chuir Parlaimint na hEorpa fáilte roimh an bplean gníomhaíochta i rún[5]. Tá sé seo i gcomhréir le Conclúidí ón gComhairle 2015 maidir leis an ngeilleagar sóisialta a chur chun cinn mar phríomhspreagadh don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta san Eoraip[6], lenar comhaontaíodh an tábhacht a bhaineann leis an ngeilleagar sóisialta agus lenar iarradh ar an gCoimisiún Eorpach beart a dhéanamh chun borradh a chur faoi fhorbairt na hearnála.

An breisluach a bhaineann leis an ngeilleagar sóisialta

Féadfaidh ról tábhachtach a bheith ag an ngeilleagar sóisialta chun dul i ngleic le réimse leathan dúshlán sochaíoch. Trí leas a bhaint as a bhuanna, amhail **poist ardcháilíochta a chruthú**, **cuimsiú sóisialta agus cuimsiú mhargadh an tsaothair**, agus **an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn**, d'fhéadfadh an geilleagar sóisialta cuidiú le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach chomh maith lena chroíphrionsabail maidir le **comhionannas deiseanna agus rochtain ar mhargadh an tsaothair**, **dálaí córa oibre**, agus **cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta**. Go sonrach, féadfaidh ról mór a bheith ag an ngeilleagar sóisialta chun príomhspriocanna uaillmhianacha an **Aontais do2030** sa phlean gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach, spriocanna a bhaineann le78 % ar a laghad den daonra idir 20 agus 64 bliain d'aois a bheith i mbun fostaíochta agus 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain, agus laghdú de 15 mhilliún duine ar a laghad a dhéanamh ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, ag rannchuidiú leis na gealltanais náisiúnta arna ndéanamh ag na Ballstáit chunna spriocanna sin a bhaint amach[7].

Déantar amhlaidh leis trí phoist agus deiseanna eacnamaíocha a chruthú a chuidíonn le **daoine óga agus daoine scothaosta agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste** (amhail daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine ag a bhfuil drochshláinte, idir mheabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil, daoine atá neamhghníomhach ó thaobh aclaíochta de, oibrithe ar bheagán oiliúna, daoine faoi mhíchumas agus daoine ag a bhfuil cúlra imircigh, cúlra cine mionlaigh nó eitnigh mionlaigh acu, lena n- áirítear Romaigh) **a bheith imeasctha i margadh an tsaothair** agus sa tsochaí. An tráth céanna, cothaítear leis **dálaí córa oibre** trí rannpháirt a thabhairt d'fhostaithe maidir le rialachas agus cinnteoireacht. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin go háirithe ós rud é go mbíonn riosca ard bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ag baint leis na grúpaí sin. Is féidir na deiseanna a eascraíonn as an ngeilleagar sóisialta a bheith **mar chéim aistir chuig earnálacha eile i margadh an tsaothair**, go háirithe nuair a dhéantar i gcomhar le gnólachtaí príomhshrutha iad.Tá cion ard ban fostaithe sa gheilleagar sóisialta[8] agus soláthraítear leis sin seirbhísí a chuidíonn le mná fostaíocht a fháil i margadh an

---

5 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Iúil 2022 maidir le plean gníomhaíochta an Aontais don gheilleagar sóisialta (2021/2179(INI)).

6 Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngeilleagar sóisialta a chur chun cinn mar phríomhspreagadh don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta (15071/15).

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal*The European Pillar of Social Rights Action Plan*[Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta], COM/2021/102 final.

8 I dtíortha áirithe, tá an céatadán i bhfad níos airde ná an earnáil phríobháideach phríomhshrutha nó an earnáil phoiblí fiú. Mar shampla, sa Fhrainc, is mná iad 40 % de na daoine atá fostaithe san earnáil phríobháideach (gan an geilleagar sóisialta a áireamh) agus 63 % de na daoine atá fostaithe san earnáil phoiblí, i gcomparáid leis an bhfigiúr de 68 % sa gheilleagar sóisialta. CNCRESS, *État des lieux de l'égalité femmes- hommes dans l'Économie Sociale et Solidaire*, 2019, lch. 6.

tsaothair, amhail cúram leanaí. Dá bhrí sin, cuireann an togra leis an **Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025**[9], a bhfuil sé d'aidhm aici bearnaí idir na hinscní i margadh an tsaothair a líonadh agus comhionannas a bhaint amach i measc earnálacha difriúla den gheilleagar.

Trí dheiseanna fostaíochta a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine aonair agus ar an ngeilleagar áitiúil agus trí dheiseanna oiliúna agus athscilithe a sholáthar, is féidir le heintitis an gheilleagair shóisialta cuidiú le hoibrithe **na scileanna agus an t- eolas is gá a fhorbairt chun freagairt do na hathruithe i margadh an tsaothair.** Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcomhthéacs an dá aistriú. D'fhéadfadh forbairt scileanna ganntanais saothair a laghdú agus cur leis an bhfás eacnamaíoch foriomlán. Mar shampla, is minic a sholáthraíonn eintitis an gheilleagair shóisialta oiliúint ar an láthair oibre agus cláir foghlama obairbhunaithe, a thairbhíonn den chultúr de chomhroinnt eolais a eascraíonn ó éiteas comhchoiteann agus comhoibríoch na hearnála. Cuireann eintitis áirithe an gheilleagair shóisialta cúrsaí oiliúna ar fáil maidir le scileanna digiteacha agus glasa atá inrochtana do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste, agus ar an gcaoi sin rannchuidíonn siad le haistriú níos cothroime.

A bhuí leis an mbealach a n- oibríonn na heintitis sin ó bhonn aníos de ghnáth, agus a bhuí leis an gcaoi a mbíonn siad cóngarach do phobail, do shaoránaigh agus na fadhbanna atá acu, tá acmhainneacht shuntasach ag eintitis an gheilleagair shóisialta chun bheith ag gníomhú mar **fhiontair shóisialta** agus chun réitigh a fháil is féidir a mhéadú agus/nó a athchruthú agus tairbhe a dhéanamh d'athrú sóisialta sistéamach. Is féidir leis an ngeilleagar sóisialta bealaí nuálacha a aimsiú chun seirbhísí sóisialta fíor- riachtanacha a sholáthar, a bheadh comhlántach i ndáil leis na seirbhísí poiblí a chuirtear ar fáil ar an leibhéal náisiúnta, trí iarracht a dhéanamh **seirbhísí poiblí ar ardchaighdeáin agus atá duine- lárnach a sholáthar ar bhealach atá costéifeachtach agus comhshnaidhmthe**. Mar shampla, d'fhéadfadh eintitis an gheilleagair shóisialta a bheith ina gcomhpháirtithe tábhachtacha do na húdaráis phoiblí trí sheirbhísí cúraim ardcháilíochta a sholáthar, mar a aithnítear sa Straitéis Eorpach um Chúram[10].

D'fhéadfadh an geilleagar sóisialta tacú leis an straitéis thionsclaíoch don Eoraip[11]. Cuirtear i láthair leis an straitéis na dúshláin atá roimh na 14 éiceachóras thionsclaíocha, agus as na héiceachórais sin tá éiceachóras tionsclaíoch maidir le 'gaireacht agus an geilleagar sóisialta' chun an dá aistriú a bhaint amach agus a athléimneacht a mhéadú. Tá acmhainneacht mhór ag eintitis an gheilleagair shóisialta **chun táirgí agus seirbhísí inbhuanaithe a fhorbairt** agus **samhlacha gnó ionchuimsitheacha a oibriú**. Le samplaí ceannródaíocha áirítear pobail agus comharchumainn fuinnimh, talmhaíocht orgánach, turasóireacht inbhuanaithe agus táirgí agus seirbhísí ciorclacha. Is minic a bhreathnaítear ar eintitis agus nuálaithe an gheilleagair shóisialta mar cheannródaithe maidir leis an aistriú glas, rud a chuidíonn leis an aistriú a dhéanamh níos cothroime agus níos cuimsithí trína bhunú i luachanna dlúthpháirtíochta.

---

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal*A Union of Equality:* [Aontas an Chomhionannais:]*Gender Equality Strategy 2020-2025*[Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025], COM(2020) 152 final.

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir leis an straitéis Eorpach um chúram – COM(2022) 440 final.

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal*Updating the 2020 New Industrial Strategy:* [Straitéis Nua Tionsclaíochta 2020 a thabhairt cothrom le dáta:]*Building a stronger Single Market for Europe's recovery*[Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa], COM(2021) 350 final.

Tugtar **luach ar gheilleagair agus sochaithe áitiúla** le samhlacha gnó an gheilleagair shóisialta trí ionchuimsitheacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht a chothú. Tá siad fréamhaithe go láidir sa gheilleagar áitiúil agus tá sé d'aidhm acu freastal ar an bpobal ina bhfuil siad bunaithe, agus cur chuige na nuálaíochta áitbhunaithe á chur i bhfeidhm acu, coincheap ina mbaintear leas as acmhainní agus áiseanna áitiúla agus lena gcuirtear gnóthachain agus ioncaim eacnamaíocha ar ais sa gheilleagar áitiúil. Cuidíonn sin leis an ngeilleagar áitiúil agus an athghiniúint a spreagadh trí bhorradh a chur faoi ghnóthaí nua agus cruthú post in earnálacha atá ábhartha go sonrach don limistéar sin. Áirítear leis sin talmhaíocht agus táirgeadh bia orgánach in áiteanna tuaithe agus iargúlta, sna réigiúin is forimeallaí san Aontas[12], i limistéir ina bhfuil athghiniúint eacnamaíoch de dhíth orthu, agus sa gheilleagar gorm. Is féidir le heintitis an gheilleagair shóisialta tairbhe a bhaint as an ngeilleagar ciorclach trí bhorradh a chur faoi ghníomhaíocht maidir le dearadh táirgí inbhuanaithe, méadú ar dheisiú agus ar athúsáid, agus bailiú dramhaíola agus athchúrsáil ar dhramhaíl a mhéadú, agus ar an mbealach sin margadh feidhmiúil d'amhábhair thánaisteacha a chur chun cinn. Ina theannta sin, agus iad ag cuidiú le limistéir thuaithe agus iargúlta a athnuachan, tá sé d'acmhainn ag eintitis an gheilleagair shóisialta cuidiú le treochtaí déimeagrafacha sna réigiúin sin a laghdú.

<u>Dúshláin</u>

Tháinig feabhas ar infheictheacht agus aitheantas an gheilleagair shóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach le blianta beaga anuas[13]. Tá creataí dlíthiúla agus beartais spriocdhírithe curtha i bhfeidhm d'fhiontair shóisialta agus/nó don gheilleagar sóisialta ag níos mó ná leath de na Ballstáit. Tugann an fhianaise le fios, áfach, **nach raibh torthaí éifeachtacha i gcónaí** ag na bearta a rinne na Ballstáit. Tagann sé sin ón bhfoinse a leanas:

– **easpa soiléireachta agus tuisceana** maidir leis na **prionsabail agus maidir le raon feidhme** an gheilleagair shóisialta;

– aitheantas neamh- leordhóthanach **ar an mbreisluach a bhaineann leis an ngeilleagar sóisialta** don tsochaí agus don gheilleagar go háirithe mar fhreagairt ar threochtaí atá ag teacht aníos;

– bearta tacaíochta ina bhfuil easpa comhsheasmhachta le himeacht ama agus/nó a chuireann srian gan ghá ar eintitis an gheilleagair shóisialta maidir le gníomhaíochtaí sonracha nó cineálacha shamhlacha gnó[14];

– ilroinnt creataí dlíthiúla;

---

[12] De réir an Aontais Eorpaigh tá naoi réigiún is forimeallaí ann – Guadalúip, Guáin na Fraince, La Réunion, Martinique, Mayotte, agus Saint Martin (an Fhrainc), na hAsóir agus Maidéara (an Phortaingéil), agus na hOileáin Chanáracha (an Spáinn) – atá suite san Aigéan Atlantach thiar, in imchuach Chairib, i bhforaois na hAmasóine agus san Aigéan Indiach. Tá cónaí ar 4.8 milliún saoránach san iomlán sna réigiúin sin.

[13] An Coimisiún Eorpach, An Ard- Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, Carini, C., Borzaga, C., Chiomento, S., et al., *Social enterprises and their ecosystems in Europe – Comparative synthesis report* [Fiontair shóisialta agus a n- éiceachóras san Eoraip – Tuarascáil sintéise chomparáideach], Oifig na bhFoilseachán, 2019.

[14] Mar shampla, i roinnt tíortha tá an stádas dlíthiúil oiriúnach do chatagóirí áirithe d'fhiontair shóisialta, e.g. d'fhéadfadh Fiontair Shóisialta Lánpháirtíochta Oibre (WISEnna) a bheith róshriantach ó thaobh na riachtanas sóisialta de, riachtanais nach mór do na heagraíochtaí sin a shaothrú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh pionós a ghearradh ar eintitis an gheilleagair shóisialta le trasuí róshriantach rialacha an Aontais, amhail rialacha an tsoláthair phoiblí.

– inniúlacht theoranta riaracháin agus beartais na mBallstát;

– aneaspa **sonraí agus staidrimh chruinne** faoin earnáil; rud a chuireann srian ar a méid agus ar a tionchar; agus

– easpa **cistiúcháin shaincheaptha** do chéimeanna éagsúla shaolré eintitis an gheilleagair shóisialta[15].

Bhí **acmhainneacht ann nach raibh leas á baint aisti** san earnáil i roinnt mhaith tíortha den Aontas de bharr na n- easnamh sin. Mar shampla, in 2017 b'ionann idir 0.6 % agus 9.9 % agus sciar fhostaíocht íoctha na hearnála ar fud na mBallstát, le meán 6.3 % san Aontas[16]. Léirítear leis seo na leibhéil éagsúla d'fhorbairt na hearnála ar fud an Aontais.

Cúram casta atá in oiriúnú na mbeartas agus na ndlíthe do riachtanais an gheilleagair shóisialta mar gheall ar raon na n- eintiteas éagsúil agus na samhlacha malartacha gnó atá ann, agus mar gheall ar raon na n- earnálacha ina n- oibríonn siad. Mar shampla, oibríonn eintitis shóisialta sa talmhaíocht, i dtionscal na tógála, in athúsáid agus deisiú trealaimh, i mbainistíocht dramhaíola, i dtionscal an fhuinnimh agus na haeráide, i ngníomhaíochtaí airgeadais agus árachais, sa réadmhaoin, san oideachas, i dtionscal an chúraim, sna healaíona, agus in go leor eile nach iad.

Dá bhrí sin, déanann **beartais agus forálacha cothrománacha agus earnála** difear don gheilleagar sóisialta amhail na forálacha lena rialaítear beartas mhargadh an tsaothair, seirbhísí cúraim agus seirbhísí cúraim sláinte, oideachas, scileanna agus oiliúint, cánachas, soláthar poiblí, iomaíocht, tionsclaíocht, forbairt áitiúil agus réigiúnach, agus comhar críochach. Mar thoradh air sin, chun tacaíocht éifeachtach a thabhairt don gheilleagar sóisialta éilítear cur chuige uilechuimsitheach ina gcuirtear san áireamh na gnéithe idirnasctha uile ag a bhfuil tionchar ar an earnáil.

Cuspóir an togra

Chun leas éifeachtach a bhaint as acmhainneacht an gheilleagair shóisialta, éilítear **creataí dlíthiúla** agus **beartais spriocdhírithe** a chur in oiriúint ag údaráis phoiblí[17]. Ina theannta sin, tá eagrú éifeachtach na **struchtúr riaracháin agus institiúideach** ríthábhachtach chunriachtanais shonracha na hearnála a thuiscint agus chun cumarsáid a éascú lena páirtithe leasmhara.

Chun aghaidh a thabhairt ar chastacht an chúraim sin, d'fhorbair an Coimisiún treoraíocht agus acmhainní le haghaidh údaráis phoiblí maidir le réimse ábhar le blianta beaga anuas. I measc na samplaí tá *Buying Social guide* [an Treoir maidir le Ceannach Sóisialta], an tuarascáil *Making socially responsible public procurement work* [an obair soláthair phoiblí atá freagrach go sóisialta a dhéanamh feidhmiúil], *manual for legal frameworks for social*

15 Measadh gurbh ionann agus beagnach EUR 1 bhilliún in aghaidh na bliana í an bhearna chistiúcháin d'fhiontair shóisialta san Eoraip, agus measadh gurbh ionann agus EUR 12.9 billiún in aghaidh na bliana ar fud an Aontais í an bhearna don mhicreamhaoiniú. Chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta, meastar go raibh EUR 2.5 billiún ar a laghad á úsáid ó bhuiséad an Aontais le linn na clárthréimhse 2014-2020, agus is é is uaillmhian don Choimisiún an leibhéal tacaíochta a mhéadú don tréimhse 2021-2027.

16 Fíor ina gcumhdaítear an AE- 28. Féach Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa, Monzon, J. L., Chaves, R., *Recent evolutions of the Social Economy in the European Union* [Éabhlóidí a tháinig ar Gheilleagar Sóisialta an Aontais Eorpaigh le déanaí], 2017, p. 69.

17 Mar shampla, sa tuarascáil ar an tionscnamh *Buying for social impact* [Ag ceannach le haghaidh tionchar sóisialta] cuirtear i dtábhacht go bhfuil sé níos éasca an soláthar poiblí atá freagrach ar bhonn sóisialta a chur chun feidhme i dtíortha ina bhfuil creataí dlíthiúla nó foirmeacha dlíthiúla le haghaidh fiontair shóisialta i bhfeidhm.

*enterprises* [an lámhleabhar maidir le maidir le creataí dlíthiúla le haghaidh fiontair shóisialta], miontuairiscí beartas maidir le tionchar sóisialta a thomhais agus an geilleagar ciorclach,stáidéir maidir leis an digitiú agus an comhar idir an geilleagar sóisialta agus fhiontair thraidisiúnta, agus tuarascáil ar bhraislí nuálaíochta sóisialta agus éiceolaíochta.

Dá bhrí sin, is féidir linn tarraingt ar na hacmhainní agus uirlisí sin, agus ar an taithí fhairsing atá ag na Ballstáit agus ag tíortha comhpháirtíochta nach ball den Aontas iad, chun **moltaí cuimsitheacha, comhleanúnacha, agus cothrom le dáta a chruthú** maidir leis an ngeilleagar sóisialta a chur chun cinn thar réimsí beartais agus creataí dlíthiúla.

Tá sé d'aidhm ag an tionscnamh atá beartaithe feabhas a chur ar **rochtain ar mhargadh an tsaothair** agus **ar an gcuimsiú sóisialta** trí thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun **an geilleagar sóisialta a chomhtháthú ina mbeartais shocheacnamaíocha** agus **bearta tacaíochta agus timpeallacht chóiriúil a chruthú don earnáil.** Trí thacú leis an ngeilleagar sóisialta, tá sé d'aidhm freisin ag an togra seo forbairt eacnamaíoch agus thionsclaíoch inbhuanaithe a spreagadh, rannchuidiú leis an gcomhtháthú críochach sna Ballstáit agus tacú leis an nuálaíocht shóisialta. Bainfear é sin amach trí tharraingt ar thaighde, ar thaithí agus ar aiseolas na bpáirtithe leasmhara chun moltaí a bheartú maidir leis an gcaoi **chun beartais phoiblí agus creataí dlíthiúla a chur in oiriúint** chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta, go háirithe i limistéir ar lú an fhorbairt atá déanta air. Beartófar leis sin freisin moltaí maidir leis an gcaoi chun **struchtúir riaracháin agus institiúideacha**a **oiriúnú** chun tacú leis na heintitis sin agus chun dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara na hearnála.

Tá sineirgí ag an tionscnamh atá beartaithe le gníomhaíochtaí eile a fógraíodh sa phlean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta. Thar aon ní eile, tá dlúthcheangal aige sin le **tairseach an Gheilleagair Shóisialta,** a seoladh i gcomhthráth leis an togra seo, a bhfuil sé d'aidhm aige feasacht a ardú agus rochtain ar fhaisnéis agus ar acmhainní a éascú chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta. Leis an tairseach seo, soláthrófar faisnéis ar bheartas agus cláir chistiúcháin an Aontais, treoraíocht, fíorais agus figiúirí, agus samplaí den dea- chleachtas.

Leis an dá dhoiciméad inmheánacha oibre de chuid an Choimisiúin maidir le hábhair chánachais a ghabhann leis an Moladh seo, soláthraítear faisnéis fhíorasach maidir le staid na gcreataí a bhaineann le cánachas sna Ballstáit agus maidir le dlí- eolaíocht agus cásdlí na n- ábhar seo:

– [SWD(2023) xyzx] maidir le '**Creataí cánachais ábhartha d'eintitis an gheilleagair shóisialta**', atá bunaithe ar ionchur agus anailís atá soláthraithe ag údaráis na mBallstát agus ag páirtithe leasmhara an gheilleagair shóisialta, agus

– [SWD(2023) xyzx] maidir le '**Cánachas neamh- idirdhealaitheach d'eagraíochtaí carthanacha agus a ndeontóirí: prionsabail a tarraingíodh ó chásdlí an Aontais**', lena soláthraítear tuairisc ar an bprionsabal ríthábhachtach seo mar a léirmhínítear ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é.

Mar a fógraíodh i **gclár oibre 2023 an Choimisiúin**[18], cuirfidh an Coimisiún tionscnamh síos maidir le gníomhaíochtaí trasteorann comhlachas sa mhargadh aonair, a bhfuil sé d'aidhm aige bacainní riaracháin agus rialála a bhaint ón margadh aonair le haghaidh comhlachais a oibríonn i níos mó ná Ballstát amháin. Cuideofar leis an tionscnamh sin chun tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch na gcomhlachas san Aontas a neartú. Tagann sprioc an tionscnaimh reachtaigh seo le haidhm an mholta ón gComhairle chun cuimsiú sóisialta agus

[18] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Clár Oibre an Choimisiúin i gcomhair 2023: Aontas daingean aontaithe, COM(2022) 548 final).

rochtain ar mhargadh an tsaothair a chothú trí thimpeallacht chumasúcháin don gheilleagar sóisialta a chur chun cinn lena gcuirtear feabhas ar choinníollacha rialála agus riaracháin d'eintitis an gheilleagair shóisialta.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leanann plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta an **Tionscnamh Gnó Shóisialta**[19] (2011), plean gníomhaíochta gearrthéarmach a bhfuil sé d'aidhm aige tacú le fás na bhfiontar sóisialta agus plé a spreagadh maidir le straitéisí meántéarmacha/fadtéarmacha don earnáil. Cuireann sé leis an **tionscnamh um Gnólacht nuathionscanta agus Uas- scálú**[20] (2016), a raibh sé d'aidhm aige deiseanna a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha chun a bheith ina ngnólachtaí ceannródaíocha ar an leibhéal domhanda trí feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí, scileanna a fhorbairt, rochtain a fháil ar mhaoiniú, agus bacainní a bhaint d'fhiontraithe gnólachtaí nuathionscanta (lena n- áirítear eintitis an gheilleagair shóisialta) chun uas- scálú a dhéanamh ar a ngnólacht sa mhargadh aonair.

Mar aon leis an bplean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta, cuirtear chun cinn leis an togra seo cur chun feidhme na moltaí a leagtar amach i gConclúidí ón gComhairle 2015 maidir leis an ngeilleagar sóisialta a chur chun cinn mar phríomhspreagadh don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta san Eoraip.

I dteannta le cur leis na spriocanna a leagtar amach i **gColún Eorpach na gCeart Sóisialta** agus ina phlean gníomhaíochta, mar a luaitear thuas, tá an togra seo nasctha le tionscnaimh eile i réimsí beartais **na fostaíochta** agus **an chuimsithe shóisialta**.

Tá sé fíor- riachtanach comhthiomantas na bpáirtithe leasmhara uile a fháil chun **an Straitéis Eorpach um Chúram**a chur chun feidhme go rathúil agus chun feabhas a chur ar staid na n- othar agus lucht cúraim ar fud an Aontais. Tugann eintitis an gheilleagair shóisialta breisluach do sholáthar seirbhísí cúraim ar ardchaighdeán toisc go nglacann siad cur chuige duinelárnach agus toisc go ndéanann siad ath- infheistíocht ar a mbrabús ina misean agus ina bpobail áitiúla. Féadfaidh timpeallacht ina bhfuil tacaíocht le fáil a chruthú don gheilleagar sóisialta, lena n- áirítear rochtain níos fearr ar chistiúchán, cuidiú chun an sprioc a bhaint amach maidir le seirbhísí cúraim ardcháilíochta, inacmhainne, agus inrochtana ar fud an Aontais. D'fhéadfadh dálaí oibre níos cothroime teacht as mar thoradh air sin freisin, go háirithe trí idirphlé sóisialta a chur chun cinn i gcomhréir leis an **togra le haghaidh moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach**[21]. Tá feidhm aige sin freisin maidir leis na spriocanna a leagtar amach sa **Ráthaíocht Eorpach do Leanaí**[22], toisc gur féidir páirt a bheith ag eintitis an gheilleagair shóisialta i seirbhísí ardchaighdeáin do leanaí a dhearadh agus a sholáthar, go háirithe do leanaí atá i ngátar,

---

[19] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Social Business Initiative:*[Tionscnamh Gnó Shóisialta:] *Creating a favourable climate for social enterprises, key stakeholders in the social economy and innovation*[Timpeallacht chóiriúil a chur ar fáil d'fhiontair shóisialta, geallsealbhóirí lárnacha sa gheilleagar sóisialta agus nuálaíocht]. COM(2011) 0682 final.

[20] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal*Europe's next leaders:*[Ceannairí na hEorpa amach anseo:] *the Start-up and Scale-up Initiative* [an tionscnamh um Gnólacht nuathionscanta agus Uas- scálú], COM(2016) 0733 final.

[21] Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach, COM(2023) 38 final.

[22] Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí.

amhail oideachas ionchuimsitheach, cúram tar éis am scoile, gníomhaíochtaí fóillíochta agus cultúir. Neartaítear go háirithe le **Straitéis an Aontais um chearta an linbh**[23] gealltanas an Aontais chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus leanaí agus déagóirí a chosaint ó fhoréigean. Bhainfeadh bearta a chur chun cinn a théann i ngleic le foréigean agus leithcheal, go háirithe foréigean agus leithcheal in aghaidh leanaí leochaileacha, tairbhe as tacaíocht ó chodanna uile na sochaí, lena n- áirítear eintitis an gheilleagair shóisialta.

Tá naisc ag an togra freisin le **hAontas an Chomhionannais** agus leis na straitéisí gaolmhara, lena n- áirítear an **straitéis um chomhionannas inscne 2020-2025**, an **Straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030**[24], an **straitéis um chomhionannas LGBTIQ**[25], **plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas**[26] agus **creat straitéiseach an Aontais Eorpaigh le haghaidh na Romach 2020-2030**[27]. Féadfaidh an geilleagar sóisialta cuidiú le daoine a bheith lánpháirteach i margadh an tsaothair agus dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta, trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ag grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus faoi ghannionadaíocht .

Cuireann an togra seo leis an **bplean gníomhaíochta um imeascadh agus cuimsiú do 2021-2027**[28], a bhfuil sé d'aidhm aige tacú le himeascadh agus cuimsiú rathúil imirceach agus saoránach den Aontas Eorpach a mbaineann cúlra imirceach leo i sochaithe an Aontais. Déantar imircigh a imeascadh leis an ngeilleagar sóisialta, mar shampla trí dheiseanna oibre a chur ar fáil trí fhiontair shóisialta lánpháirtíochta oibre atá curtha in oiriúint dá riachtanais.

Trí thacú leis an ngeilleagar sóisialta chun daoine óga a imeascadh i margadh an tsaothair trí oiliúint, printíseachtaí, agus poist (lena n- áirítear cur chun cinn fiontraíochta sóisialta), is féidir leis na Ballstáit líon na ndeiseanna atá ar fáil do dhaoine óga a mhéadú, agus an bealach á leagan amach chun an **Ráthaíocht threisithedon Aos Óg**[29] a chur chun feidhme.

---

23 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal*EU Strategy on the rights of the child*[Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh] COM(2021) 142 final).

24 *Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Union of Equality: [Aontas an Chomhionannais:]Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030[Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030], COM(2021) 101 final.*

25 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Union of Equality:* [Aontas an Chomhionannais:]*LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025*[An Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020- 2025], COM(2020) 698 final.

26 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal*A Union of Equality:* [Aontas an Chomhionannais:]*EU anti-racism action plan 2020-2025*[Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Frithchiníochas 2020-2025], COM(2020) 565 final.

27 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teidealA Union of Equality: [Aontas an Chomhionannais:]*EU Roma strategic framework for equality, inclusion and participation*[Creat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach], COM(2020) 620 final.

28 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal*Action Plan on Integration and Inclusion 2021-2027*[an Plean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú 2021-2027], COM(2020) 758 final.

29 Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus a thagann in ionad Mholadh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú 2020/C 372/01, (IO C 372, 4.11.2020, lgh. 1-9).

Féadfaidh an geilleagar sóisialta cuidiú leis an mbearna scileanna a laghdú trí dhaoine aonair a athsciliú agus a uas- sciliú trí oiliúint ar an láthair oibre agus cineálacha oiliúna eile. Dá bhrí sin, tá naisc ag an togra leis **an gClár Oibre Scileanna don Eoraip[30]** agus a spriocanna maidir le hiomaíochas inbhuanaithe a neartú, cothroime shóisialta a áirithiú, agus an athléimneacht a chothú. I mí na Bealtaine 2022, sheol an Coimisiún comhpháirtíocht maidir le Comhshocrú um Scileanna chun na scileanna a dhaingniú atá ag daoine a oibríonn in earnáil an gheilleagair shóisialta agus na hearnálacha eile atá bainteach leis. Tá an Treoirphlean um chomhar earnála maidir le scileanna á chur chun feidhme ag comhaontas, le béim ar fhiontair shóisialta atá gníomhach i imeascadh mhargadh an tsaothair[31].

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhlántach agus comhsheasmhach le roinnt tionscnamh eile de chuid an Aontais.

Tá sé seo i gcomhréir le **Comhaontú Glas don Eoraip** de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, is é sin plean chun **an tAontas a dhéanamh aeráidneodrach agus tíosach ar acmhainní faoi 2050, agus tá sé i gcomhréir freisin leis an gClár Beartais don Deacáid Dhigiteach[32]**, fís do cheannasacht digiteach san Eoraip bunaithe ar chuspóirí agus prionsabail atá soiléir. Go sonrach, féadfaidh an geilleagar sóisialta cur le gníomhaíocht leanúnach agus tairbhiú di faoin **Straitéis fhadtéarmach iomaíochais[33]**, faoi **Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais[34], faoin nGníomh um an Tionscal Glan- nialasachta**[35] agus faoi **REPowerEU[36]** chun borradh a chur faoi iomaíochas tionsclaíoch glan- nialasachta na hEorpa agus tacú leis an aistriú tapa chuig aeráidneodracht. Chun an ról sin a chur i dtábhacht agus a threisiú, i mí na Samhna 2022 d'eisigh an Coimisiún Eorpach **Conair Aistrithe d'éiceachóras tionsclaíoch an 'Gaireacht agus an Geilleagair Sóisialta'**[37], a cruthaíodh le chéile le páirtithe leasmhara, ar rud é a dhéanann ceithre réimse gníomhaíochta dhéag a shainaithint faoi straitéis thionsclaíoch don Eoraip. Aithnítear freisin sa **mholadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú**[38] go

---

[30] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal*European Skills Agenda for sustainable competitiveness, social fairness and resilience*[Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht] (COM(2020) 274 final).

[31] Is tionscadal é B- WISE arna chistiú faoin gclár Erasmus+, a bhfuil sé d'aidhm aige forbairt a dhéanamh ar straitéis Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar na scileanna is gá, go háirithe scileanna digiteacha, san earnáil Fhiontair Shóisialta Lánpháirtíochta Oibre.

[32] Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (IO L 323, 19.12.2022, lgh. 4–26).

[33] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún*Iomaíochas Fadtéarmach an Aontais Eorpaigh: níos faide ar aghaidh ná 2030*', COM(2023) 168 final.

[34] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún*Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan - Nialasach*, COM(2023) 62 final.

[35] COM(2023) 161 - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan- nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan- nialasachta).

[36] Teachtaireacht gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal*REpowerEU Plan*[Plean REPowerEU] COM(2022) 230 final.

[37] Tuarascáil Conair aistrithe maidir leis an nGaireacht agus an Geilleagar Sóisialta'.

[38] I gcomhréir le Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú (IO C 243, 27.6.2022, lgh. 35–51).

bhféadfadh eintitis an gheilleagair shóisialta cuidiú lena áirithiú go mbeadh an t- aistriú sin cothrom agus cóir ar bhonn sóisialta.

D'eisigh an Coimisiún treoraíocht do na Ballstáit[39] a tugann spreagadh dóibh chun dul i ngleic le ganntanais lucht saothair agus scileanna i dtabhairt cothrom le dáta **phleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide** le háirithiú go soláthraítear lucht oibre oilte don aistriú chuig fuinneamh glan. Féadtar eintitis an gheilleagair shóisialta a chur san áireamh leis na hionstraimí um pleanáil straitéiseach seo.

Leis an togra tacaítear le cur chun feidhme **an phlean gníomhaíochta um an ngeilleagar ciorclach**[40] arna ghlacadh i mí an Mhárta 2020. Chun aghaidh a thabhairt ar na trí ghéarchéim maidir leis an aeráid, an chailliúint bithéagsúlachta agus an truailliú, tá sé d'aidhm ag an bplean gníomhaíochta gníomhaíocht maidir leis an ngeilleagar ciorclach a phríomhshruthú chun geilleagar a bhaint amach atá aeráidneodrach, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch. Féadfaidh cineál trasearnála an gheilleagair shóisialta, agus a ról ceannródaíoch maidir le poist a chruthú atá nasctha leis an ngeilleagar ciorclach, rannchuidiú le forbairt na hearnála. Féadfaidh sé, go háirithe, rannchuidiú le hiarracht an Choimisiúin borradh a chur faoi tháirgí inbhuanaithe atá bunaithe ar **an togra maidir le creat a bhunú chun ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú le haghaidh táirgí inbhuanaithe**[41] agus chun deisiú agus athúsáid táirgí a chur chun cinn mar a luaitear sa phlean gníomhaíochta um an ngeilleagar ciorclach. Tá an togra seo ábhartha freisin don **Straitéis FBM**[42], lena dtacaítear le fiontair bheaga agus mheánmhéide i ngach earnáil trí ualach rialála a laghdú agus trí fheabhas a chur ar an rochtain ar mhargaí agus ar chistiúchán.

Ar deireadh, rannchuidíonn an togra leis na **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** (SDGanna) a bhaint amach a glacadh in 2015 faoi Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe. Rannchuidíonn an geilleagar sóisialta le formhór na SDGanna ar bhealach éigin, go háirithe maidir leis an sprioc chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht (SDG 1) agus chun obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch a áirithiú (SDG 8). Tá an móiminteam polaitiúil idirnáisiúnta ag fás le haghaidh an gheilleagair shóisialta, tar éis an **Rún a glacadh maidir le hobair chuibhiúil agus geilleagar dlúthpháirtíochta sóisialta** ag an 110ú Comhdháil Saothair Idirnáisiúnta den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair an 10 Meitheamh 2022[43], **Moladh ECFE maidir leis an ngeilleagar dlúthpháirtíochta sóisialta agus nuálaíocht shóisialta** an 10 Meitheamh 2022[44] freisin, agus glacadh le **Rún na Náisiúin Aontaithe maidir le geilleagar dlúthpháirtíochta sóisialta a chur chun cinn ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe**[45] an 18 Aibreán 2023.

---

39 Fógra ón gCoimisiún maidir le Treoraíocht do na Ballstáit i ndáil le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide 2021-2030 a thabhairt cothrom le dáta (IO C 495, 29.12.2022, lgh. 24-55).

40 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal*A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe* [Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM(2020) 98 final).

41 Togra le haghaidh Rialachán maidir le creat a bhunú chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos agus lena n- aisghairtear Treoir 2009/125/CE (2022/0095 (COD).

42 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal*An SME Strategy for a sustainable and digital Europe* [Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach] (COM/2020/103 final).

43 https://www.ilo.org/ilc/ILCSessions/110/reports/texts-adopted/WCMS_848633/lang--en/index.htm.

44 https://www.oecd.org/cfe/leed/social-economy/social-economy-recommendation/.

45 https://unsse.org/wp-content/uploads/2023/04/A-77-L60.pdf.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Beidh an togra seo bunaithe ar Airteagal 292 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhar le hAirteagal 149 CFAE agus Airteagal 153 CFAE pointí (h) agus (j).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Leis an togra seo soláthraítear moltaí do na Ballstáit maidir le straitéisí agus beartais a aithníonn, a thacaíonn, agus a chuireann le rannchuidiú an gheilleagair shóisialta chun cuidiú le daoine rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair agus cuimsiú sóisialta. Áirítear ann moltaí maidir le gníomhaíocht chun tacú le forbairt chothrom an gheilleagair shóisialta ar fud an Aontais agus maidir le cuir chuige nuálacha i leith fostaíochta i gcomhar leis an earnáil. Comhlíonann sé prionsabal na coimhdeachta lena leagtar amach príomhphrionsabail, atá fíor- áisiúil do Bhallstáit ina bhfuil an earnáil beagfhorbartha, agus solúbthacht a thabhairt do na Ballstáit faoin gcaoi a gcuirfidh siad na moltaí chun feidhme an tráth céanna.

Go sonrach, leis an togra cuirtear san áireamh an raon leathan traidisiún, raon feidhme agus téarmaí a úsáidtear i ngeilleagar sóisialta na mBallstát. Ní dhéanann sé difear suntasach do chothromaíocht airgeadais na mBallstát ná dá gcumas beartais atá níos uaillmhianaí a choinneáil ar bun ná a thabhairt isteach.

- **Comhréireacht**

Tacaíonn an togra le gníomhaíocht na mBallstát, agus cuireann sé leo, chun feabhas a chur ar an rochtain ar mhargadh an tsaothair agus ar chuimsiú sóisialta trí bhearta a chuidíonn le timpeallacht ina bhfuil tacaíocht le fáil a chruthú don gheilleagar sóisialta. Aithnítear ann an raon leathan cleachtas agus córas náisiúnta agus aithnítear freisin go bhféadfadh difríochtaí sa chaoi ina gcuirtear na moltaí chun feidhme teacht as imthosca náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla difriúla. Mar thoradh air sin, tá an tsolúbthacht ag Ballstáit cur chun feidhme an togra a chur in oiriúint dá n- imthosca uathúla féin.

Bhí ról lárnach ag prionsabal na comhréireachta chun an ionstraim cheart a roghnú don togra.

- **An rogha ionstraime**

Is togra le haghaidh mholadh ón gComhairle í an ionstraim. Cuireann sé le corpas dlí agus beartais an Aontais atá ann cheana, agus tá sé i gcomhréir leis an gcineál ionstraimí atá ar fáil do ghníomhaíocht an Aontais maidir le beartas fostaíochta agus sóisialta. Mar ionstraim dlí neamhcheangailteach, léirítear le moladh an tuiscint go bhfuil inniúlacht dhlíthiúil ag na Ballstáit maidir le beartas sóisialta. Léirítear leis sin freisin an raon leathan traidisiún, raon feidhme, téarmaí, agus leibhéil forbartha an gheilleagair shóisialta ar fud an Aontais. Léirítear le moladh gealltanas na mBallstát do chuspóirí agus bearta sa téacs agus tugtar bunús láidir leis do chomhar ar leibhéal an Aontais sa réimse seo.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinne an Coimisiún próiseas forleathan comhairliúcháin a thug rannpháirt don phobal i gcoitinne agus do réimse leathan páirtithe leasmhara maidir leis an tionscnamh seo. Áirítear leis an bpróiseas '**glao ar fhianaise'** a fhoilsiú, tuairim ionchais ó **Choiste Eorpach na Réigiún**, agus ó chruinnithe le **comhpháirtithe sóisialta**, **eagraíochtaí sochaí sibhialta**, an Coiste **Fostaíochta** agus an **Coiste um Chosaint Shóisialta,** agus an **Grúpa Saineolaithe um gheilleagar sóisialta agus fiontair shóisialta**. Fuarthas ionchur freisin ó **Idirghrúpa um Gheilleagar Sóisialta Pharlaimint na hEorpa** agus ó **Choiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa** (trí chatagóir an Gheilleagair Shóisialta) maidir le raon feidhme an togra lena bhfuil coinne.

Bhí sé d'aidhm ag na comhairliúcháin sin forbhreathnú cothrom ar na cineálacha uile páirtithe leasmhara lena mbaineann a bhaint amach – Ballstáit, eintitis an gheilleagair shóisialta, idirghabhálaithe cistiúcháin agus acadóirí. Leis an bpróiseas comhairliúcháin, cuireadh léargais ar fáil a chuir leis an obair ullmhúcháin agus tugadh isteach léargais bhreise ar an togra. Déantar anailís ar mhionsonraí faoin bpróiseas comhairliúcháin sa **doiciméad inmheánach oibre** a ghabhann leis an togra seo.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

In éineacht leis an ionchur a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, tá fianaise fhorleathan a bailíodh le blianta beaga anuas maidir leis an mbeartas agus creataí dlíthiúla don gheilleagar sóisialta mar bhonn taca faoin togra. Ba iad seo a leanas na príomhfhoinsí fianaise:

– an mhapáil a rinneadh in 2020 ar éiceachórais fiontar sóisialta thíortha uile an Aontais, ar mapáil í lena ndeachaigh taighdeoirí i gcomhairle le níos mó ná 750 páirtí leasmhar chun í a chur le chéile, lena n- áirítear lucht ceaptha beartas, ionadaithe d'fhiontair shóisialta, líonraí fiontar sóisialta agus eagraíochtaí tacaíochta eile, acadóirí, agus saineolaithe ó na Ballstáit uile agus ó áiteanna níos faide i gcéin;

– an Uirlis Bheartais um Fhiontraíocht Níos Fearr, na hathbhreithnithe grinne ar bheartas um fhiontraíocht shóisialta i roinnt Ballstát, agus na treoirlínte idirnáisiúnta maidir le Tomhas Tionchair Shóisialta don Gheilleagar Dlúthpháirtíochta Sóisialta agus maidir le Creataí Dlíthiúla don Gheilleagar Dlúthpháirtíochta Sóisialta a forbraíodh i gcomhar le ECFE;

– moladh ECFE maidir leis an ngeilleagar dlúthpháirtíochta sóisialta agus nuálaíocht shóisialta a glacadh an 10 Meitheamh 2022 agus an Treoir Beartais maidir le Tomhas Tionchair Shóisialta don Gheilleagar Dlúthpháirtíochta Sóisialta;

– an staidéar ó 2017 *Recent evolutions of the social economy in the European Union* arbh é *International Centre of Research and Information on the Public, Social and Cooperative Economy* a chuaigh ina bhun ar son Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa;

– an staidéar ó 2020 maidir le tionchar Thionscnamh Gnó Shóisialta an Choimisiúin 2011 agus na gníomhaíochtaí leantacha air, bunaithe ar níos mó ná 300 agallamh a rinneadh le héagsúlacht mhór páirtithe leasmhara ó fud Ballstát uile an Aontais Eorpaigh; agus

– an Chonair Aistrithe um Ghaireacht agus an Geilleagar Sóisialta agus an t- ionchur a fuarthas le linn an phróisis chomhchruthaithe.

- **Measúnú tionchair**

Leis an ionstraim arna mholadh – moladh ón gComhairle – soláthraítear treoraíocht faoin gcaoi is fearr chun creataí beartais agus dlíthiúla a chur in oiriúint chun tacú le heintitis an gheilleagair shóisialta, agus tugtar an tsolúbthacht do na Ballstáit chun bearta a dhearadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir lena gcleachtais náisiúnta agus ag brath ar chineál éiceachórais a gheilleagair shóisialta. Níl gá dá bhrí sin le haon mheasúnú tionchair.

Tá an cumas ag an togra feabhas a chur ar an timpeallacht chumasúcháin don gheilleagar sóisialta, go háirithe i mBallstát ina bhfuil an geilleagar sóisialta beagfhorbartha. Cuideoidh sé sin le forbairt níos cothroime den earnáil a bhaint amach ar fud an Aontais.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an moladh seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Cuirtear i dtábhacht leis an ngeilleagar sóisialta freagracht shóisialta agus comhshaoil, rannpháirtíocht, agus rialachas daonlathach, rud a ailíníonn le béim na Cairte ar chomhionannas agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht airgeadais ag an togra do bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Le mír (23), moltar do na Ballstáit a straitéisí don gheilleagar sóisialta a ghlacadh nó a thabhairt cothrom le dáta laistigh de 18 mí tar éis ghlacadh an togra seo.

Le mír (24) moltar do na Ballstáit a socruithe riaracháin agus institiúideacha a athbhreithniú agus a fheabhsú ar leibhéal uile an rialachais.

Le mír (25) moltar do na Ballstáit faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme den mholadh ón gComhairle ar an leibhéal náisiúnta agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus páirtithe leasmhara a dhéanamh páirteach sa phróiseas. Leanfaidh an Coimisiún cur chun feidhme trí chomhairliúcháin tráthrialta leis na Ballstáit tríd an gCoiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta.

Faoi mhír (26), iarrtar go foirmiúil ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt maidir leis an dul chun cinn atá déanta acu i ndáil leis an Moladh a chur chun feidhme tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis a ghlactha agus arís eile 5 bliana ina dhiaidh sin.

Chun an t- ualach tuairiscithe a íoslaghdú do rialtais an Aontais, ba cheart uainiú beacht den chéad tuarascáil a bheith i gcomhthráth leis an gcreat tuairiscithe a bheartaítear le Moladh ECFE maidir leis an ngeilleagar dlúthpháirtíochta sóisialta agus nuálaíocht shóisialta. Ar an mbonn sin, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil faoi chur chun feidhme an mholta seo agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta chun plé a dhéanamh uirthi.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le § 1-3, léirítear cuspóirí agus raon feidhme an Mholta seo.

Le § 4, tugtar sainmhínithe ar gheilleagar sóisialta agus ar fhiontar sóisialta.

Le § 5-8, moltar do na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm a **chothaíonn rochtain ar mhargadh an tsaothair agus cuimsiú sóisialta** tríd an ngeilleagar sóisialta. Go sonrach:

Le § 5, moltar do na Ballstáit **bearta mhargadh an tsaothair** a chur i bhfeidhm chun tacú le fostaithe i bhfiontair shóisialta agus lena n- ath- imeascadh i margadh an tsaothair, chun tacú le comhar idir na seirbhísí fostaíochta poiblí, eintitis an gheilleagair shóisialta agus gnólachtaí príomhshrutha chun freastal ar dhaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta, ná oiliúna, chun fiontraíocht shóisialta a chur chun cinn mar mhodh chun féinfhostaíocht agus fostaíocht i gcoitinne a chruthú, chun níos mó daoine faoi mhíchumas a chur ar a gcumas dul isteach i margadh an tsaothair, agus idirphlé sóisialta agus cómhargáil a chur chun cinn chun dálaí córa oibre a áirithiú.

Le § 6, moltar do na Ballstáit aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do rannchuidiú eintitis an gheilleagair shóisialta maidir le **cuimsiú sóisialta** agus iad a chur san áireamh i ndearadh agus soláthar seirbhísí sóisialta agus cúraim, tithíochta chomh maith le hoideachas agus gníomhaíochtaí do leanaí agus daoine óga.

Le § 7, moltar do na Ballstáit tacú le **hoiliúint agus forbairt scileanna** don gheilleagar sóisialta trí fhaisnéis scileanna a fhorbairt a bhaineann le riachtanais an mhargaidh, ag obair le chéile leis an ngeilleagar sóisialta chun oiliúint d'fhostaithe a éascú, ag díriú ar an mbearna scileanna a laghdú agus ag éascú a n- aistrithe go dtí margadh an tsaothair, agus lárionaid inniúlachta náisiúnta nó trasnáisiúnta faoin ngeilleagar sóisialta a chruthú i gcomhar le soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna.

Le § 8 , moltar do na Ballstáit ról eintitis an gheilleagair shóisialta a neartú chun tacú le **nuálaíocht shóisialta** agus le príomhearnálacha forbartha áitiúla agus fostaíochta, agus cur le ranníocaíocht an gheilleagair shóisialta maidir leis **an dá aistriú** chóra, agus an tráth céanna forbairt eacnamaíoch agus thionsclaíoch chóir agus inbhuanaithe, agus comhtháthú críochach a chur chun cinn.

Le § 9-21, moltar do na Ballstáit creat cumasúcháin a fhorbairt don gheilleagar sóisialta trí straitéisí cuimsitheacha don earnáil a chur chun feidhme. Go sonrach:

Le § 13, moltar do na Ballstáit feabhas a chur ar an **rochtain ar mhaoiniú poiblí agus príobháideach** don gheilleagar sóisialta trí éiceachórais airgeadais shóisialta a éascú agus trí úsáid a bhaint as an maoiniú atá ar fáil, amhail cistí an Aontais.

Le § 14-16, moltar do na Ballstáit **feabhas a chur ar an rochtain atá ag eintitis an gheilleagair shóisialta ar mhargaí** trí úsáid atá freagrach go sóisialta den soláthar poiblí a chothú i gcomhréir leis na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil le creat dlíthiúil na hEorpa atá ann faoi láthair maidir leis an soláthar poiblí agus tacú le comhar idir eintitis an gheilleagair shóisialta agus gnólachtaí príomhshrutha.

Le § 17, moltar do na Ballstáit an leas is fearr a bhaint as an raon feidhme atá ann faoi láthair maidir le **Rialacha státchabhrach** faoi dhlí an Aontais tacú leis an ngeilleagar sóisialta.

Le § 18, moltar do na Ballstáit a áirithiú nach gcuirfidh **córais chánachais** bac ar fhorbairt an gheilleagair shóisialta, measúnú a dhéanamh an spreagann córais chánach a fhorbairt go leordhóthanach, agus feabhas a chur ar daonchairdeas trasteorann.

Le § 19, moltar do na Ballstát tacú le glacadh ag eintitis an gheilleagair shóisialta le **tomhas tionchair shóisialta agus le próisis bhainistithe** a úsáidtear chun tionchar sóisialta ag tionscadal nó eagraíocht ar leith a thomhas agus a mheasúnú.

Le § 20-21, moltar do na Ballstáit **feasacht a mhúscailt** maidir leis an ngeilleagar sóisialta agus a rannchuidiú, lena n- áirítear faireachán a dhéanamh ar fhorbairt agus feidhmíocht an gheilleagair shóisialta trí **thaighde**, **sonraí** agus **staidreamh**.

Le § 22, cuirtear fáilte roimh rún an Choimisiúin tacú le cur chun feidhme mholadh na Comhairle, lena n- áirítear bearta leantacha.

Le § 23-26, déantar tagairt don phróiseas chur chun feidhme, faireacháin agus meastóireachta.

2023/0179 (NLE)

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292, i dteannta Airteagal 149 agus Airteagal 153, pointí (h) agus (j) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[46],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta[47], a fógraíodh an 17 Samhain 2017, roinnt prionsabal chun tacú le margaidh an tsaothair agus córas leasa shóisialta atá cóir agus a fheidhmíonn go maith. Áirítear leo sin Prionsabal 1 maidir leis an gceart chun oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ardcháilíochta agus chuimsitheach a fháil, Prionsabal 2 maidir le comhionannas inscne, Prionsabal 3 maidir le comhionannas deiseanna, Prionsabal 4 maidir le tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht, Prionsabal 5 maidir le fostaíocht sheasmhach inoiriúnaithe, agus Prionsabail 11 agus 16-20 maidir le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta leanaí, daoine faoi mhíchumas, agus rochtain ar sheirbhísí fíor- riachtanacha, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach.

(2) I mí an Mheithimh 2021, i gcomhréir le Dearbhú Porto[48], d'fháiltigh an Chomhairle Eorpach roimh phríomhspriocanna an Aontais do 2030, a leagtar amach sa phlean gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[49]. Tá sé d'aidhm ag na spriocanna sin ráta fostaíochta 78 % ar a laghad a bhaint amach, 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain, agus laghdú de 15 mhilliún duine ar a laghad a dhéanamh ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta (ar leanaí iad 5 mhilliún díobh sin ar a laghad). Ansin, leag na Ballstáit amach spriocanna náisiúnta sna trí réimse uile chun cuidiú leis na spriocanna roinnte sin a bhaint amach.

---

46 Tuairim ó Choiste na Réigiún maidir le 'Timpeallacht chumasúcháin a chruthú don gheilleagar sóisialta – ón taobh áitiúil agus réigiúnach' (CDR 5492/2022).

47 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *The European Pillar of Social Rights Action Plan* [Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta], COM(2021) 102 final.

48 https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2021/05/08/the-porto-declaration/.

49 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *The European Pillar of Social Rights Action Plan*[Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta], COM/2021/102 final.

(3) D’ainneoin an dul chun cinn a rinneadh le 10 mbliana anuas chun bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a laghdú, bhí 95.4 milliún duine i mbaol in 2021. Tháinig méadú ar riosca na bochtaineachta do dhaoine i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar- dhífhostaithe), agus d’éirigh tromchúis agus fad na bochtaineachta níos measa i roinnt mhaith Ballstát. Tá cáilíocht agus inbhuanaitheacht na fostaíochta ríthábhachtach chun an fhadhb sin a mhaolú. A bhuí leis an mbealach a oibríonn an geilleagar sóisialta, lena ghníomhaíochtaí agus leis na spriocanna a dtugann sé faoi, tá príomhról ag an ngeilleagar sóisialta maidir le feabhas a chur ar an gcuimsiú shóisialta agus ar rochtain chomhionann ar mhargadh an tsaothair. Dá bhrí sin, cuireann sé le cur chun feidhme rathúil Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(4) Is féidir le heintitis an gheilleagair shóisialta poist ardcháilíochta a chruthú agus a choinneáil; cuidíonn siad lena áirithiú go gcuimsítear grúpaí faoi mhí- bhuntáiste ó thaobh na sochaí agus ó thaobh an mhargaidh saothair de, agus cuidíonn siad le comhionannas deiseanna do chách. Tá sé seo i gcomhréir le creat téarnaimh ionchuimsitheach, mar a léiríodh sna treoirlínte maidir le beartais fostaíochta na mBallstát a leagtar síos le Cinneadh (AE) 2022/2296 ón gComhairle[50]. Is féidir leo forbairt eacnamaíoch agus thionsclaíoch inbhuanaithe a spreagadh, agus rannpháirtíocht ghníomhach saoránach sa tsochaí a chur chun cinn. Rannchuidíonn eintitis an gheilleagair shóisialta nach beag le córais leasa shóisialta na hEorpa trí chur le seirbhísí poiblí, borradh úr a chur faoi limistéir thuaithe dhídhaonraithe agus ról a bheith acu i mbeartas forbartha idirnáisiúnta.

(5) An 9 Nollaig 2021 ghlac an Coimisiún Eorpach plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta[51]. Rannchuidíonn an plean gníomhaíochta le tosaíocht an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ‘geilleagar a thógáil ar geilleagar é a fhóireann do dhaoine’ agus tá sé ailínithe leis na moltaí a leagtar amach i gConclúidí ón gComhairle 2015 maidir leis an ngeilleagar sóisialta a chur chun cinn mar phríomhspreagadh don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta san Eoraip[52]. Sa phlean gníomhaíochta, chuir an Coimisiún bearta coincréiteacha ar aghaidh atá le cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Tá sé d'aidhm ag na bearta borradh a chur faoi nuálaíocht shóisialta, tacú le forbairt an gheilleagair shóisialta agus leas a bhaint as a chumhacht chlaochlaithe shóisialta agus eacnamaíoch. Leis na bearta cuirtear béim ar na dálaí cearta a chruthú le go bhféadann an geilleagar sóisialta a bheith faoi bhláth, ag cruthú deiseanna d’eintitis an gheilleagair shóisialta gnólachtaí a thosú agus a mhéadú agus ag áirithiú go bhfuil an geilleagar sóisialta agus an acmhainneacht a bhaineann leis níos feiceálaí. Chuir Parlaimint na hEorpa fáilte roimh an bplean gníomhaíochta ina rún a eisíodh an 6 Iúil 2022[53].

(6) Cuimsítear leis an ngeilleagar sóisialta, dá ngairtear an geilleagar dlúthpháirtíochta agus/nó an geilleagar dlúthpháirtíochta sóisialta freisin i roinnt Ballstát, réimse leathan eintiteas le samhlacha difriúla gnó agus eagraíochta ina dtugtar tús áite do cuspóir

---

50 Cinneadh (AE) 2022/2296 ón gComhairle an 21 Samhain 2022 maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát (IO L 304, 24.11.2022, lch. 67-77).

51 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, ‘*Geilleagar a thógáil ar geilleagar é a fhóireann do dhaoine: an action plan for the social economy*[plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta], COM(2021) 778 final.

52 Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngeilleagar sóisialta a chur chun cinn mar phríomhspreagadh don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta (15071/15).

53 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Iúil 2022 maidir le plean gníomhaíochta an Aontais don gheilleagar sóisialta (2021/2179(INI)).

sóisialta agus/nó comhshaoil seachas brabús. D'fhéadfadh foirmeacha dlíthiúla éagsúla d'eintitis a bheith ann, amhail comharchumainn, cumainn chomhshochair, comhlachais agus fondúireachtaí, agus cuimsítear leis sin fiontair shóisialta freisin, a aithnítear mar fhoirm dhlíthiúil shonrach i roinnt Ballstát. Tá na prionsabail chomhchoiteanna chéanna acu maidir le hath- infheistíocht a dhéanamh ar a mbrabús chun a gcuspóirí sóisialta agus/nó comhshaoil a shaothrú agus rialachas daonlathach agus/nó rialachas rannpháirteach a chleachtadh. Athraíonn foirm shonrach an rialachais agus na bainistíochta atá ag eintitis an gheilleagair shóisialta de réir a gcineáil, a scála, agus an chomhthéacs ina bhfuil siad ag feidhmiú. Dá bhrí sin, bíonn foirmeacha difriúla ag prionsabal an rialachais dhaonlathaigh agus rannpháirtigh, idir rannpháirtíocht dhíreach na mball i bpróisis rialachais agus rannpháirtíocht ionadaíoch na mball nó na gcomhpháirtithe i bhfeidhmeanna bainistíochta agus rialachais ar leithligh. Mar shampla, i gcomharchumainn, cumainn chomhshochair agus comhlachais, is minic a bhíonn an prionsabal sin i bhfoirm 'duine amháin, vóta amháin'. Tá sraith de chórais rialaithe agus caidrimh idir na gníomhairí éagsúla atá rannpháirteach san eintiteas, lena n- áirítear bainisteoirí, comhpháirtithe, fostaithe agus tairbhithe mar shaintréithe ag na próisis chinnteoireachta in eintitis an gheilleagair shóisialta. Trí na gníomhairí éagsúla seo a thabhairt le chéile, cuireann eintitis an gheilleagair shóisialta chun cinn iarracht il- pháirtithe leasmhara atá bunaithe ar chultúr rannpháirtíochta, freagrachta, agus trédhearcachta agus atá dírithe ar sprioc i bpáirtcoiteann a bhaint amach.

(7) Is minic a dhéanann eintitis an gheilleagair shóisialta gach iarracht chun deiseanna eacnamaíocha a chruthú lena gcuirtear chun cinn cuimsiú sóisialta chomh maith le grúpaí faoi mhí- bhuntáiste, lena n- áirítear daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, a imeascadh i margadh an tsaothair. Is cineál fiontair shóisialta iad fiontair shóisialta lánpháirtíochta oibre a dhíríonn ar chuidiú leis na grúpaí daoine sin a lánpháirtiú sa tsochaí agus san obair trí phoist ar leibhéil scileanna éagsúla a sholáthar le dálaí oibre ionchuimsitheacha agus solúbtha. Mar shampla, tacaíocht theanga a sholáthar d'oibrithe imirceacha agus cúraimí agus timpeallachtaí oibre oiriúnaithe a sholáthar do dhaoine atá faoi mhíchumas, féadfaidh siad bealach amach as bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a chur ar fáil dóibh. Féadann na deiseanna fostaíochta sin a bheith ina gcéimeanna aistir chuig earnálacha eile an mhargaidh shaothair, ag cuidiú le bacainní fostaíochta a shárú le haghaidh na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus daoine eile a bhfuil deacrachtaí acu an margadh saothair a rochtain.

(8) Féadann gnólachtaí sóisialta ról tábhachtach a imirt maidir le cruthú post agus athrú dearfach sóisialta. Féadann geilleagar sóisialta deiseanna a sholáthar do roinnt grúpaí faoi ghannionadaíocht, amhail mná agus daoine óga teacht isteach sa mhargadh saothair nó gnólachtaí sóisialta a bhunú. De réir Global Entrepreneurship Monitor, meastar gur fir iad 55 % d'fhiontraithe sóisialta ar domhan agus is mná 45 % díobh, ach tá dhá oiread na bhfear ná na mban i bhféinfhostaíocht ghinearálta. De réir Eorabharaiméadar a rinneadh le déanaí maidir le dearcaí na ndaoine óga i leith fiontraíocht shóisialta, tá meas ag daoine óga ar thábhacht na spriocanna sóisialta agus comhshaoil agus ar cheannaireacht rannpháirteach. D'fhéadfadh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar bhealaí chun dídhreasachtaí fiontraithe féideartha a íoslaghdú, amhail a áirithiú go gcoinníonn siad rochtain ar choimirce chuí sábháilteachta sóisialta. Laghdaigh roinnt Ballstát ranníocaíochtaí slándála sóisialta mar dhreasacht chun go n- earcódh eintitis an gheilleagair shóisialta foireann. A áirithiú go bhfuil creat cumasúcháin ann le haghaidh aistrithe gnó chuig fostaithe chun comharchumainn oibrithe a chruthú, is bealach é lenar féidir leanúnachas gnólachtaí beaga agus

teaghlaigh a áirithiú agus caillteanais post a sheachaint, i gcás athstruchtúrú, mar shampla.

(9) Cuireann eintitis an gheilleagair shóisialta cuimsiú na ndaoine óga chun cinn, go háirithe daoine óga nach bhfuil i bhfostaíocht, in oideachas ná in oiliúint. Soláthraíonn siad cláir forbartha oiliúna agus scileanna agus printíseachtaí dá dtagraítear i Moladh ón gComhairle an 15 Márta 2018 maidir le Creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha[54], agus deiseanna fostaíochta. Dá bhrí sin, cuireann siad leis na spriocanna a shocraigh An Ráthaíocht don Aos Óg dá dtagraítear i Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú[55] agus Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach ar mhicridhintiúir le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil agus infhostaitheachta[56]. Is féidir le cistiú ón Aontas amhail clár Chiste Sóisialta na hEorpa Plus arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1057[57] tacú le heintitis an gheilleagair shóisialta sa ról sin. Chuige sin, tharla tionscnaimh chomhoibríocha rathúla idir seirbhísí fostaíochta poiblí agus eintitis an gheilleagair shóisialta sna Ballstáit[58]. Faoi na tionscnaimh sin, bíonn ról tábhachtach ag eintitis an gheilleagair shóisialta chun daoine a dteastaíonn cúnamh uathu a shainaithint agus chun pleananna saincheaptha a fhorbairt chun cuidiú leo lánpháirtiú sóisialta agus gairme a bhaint amach, lena n- áirítear oiliúint agus deiseanna oibre.

(10) Is féidir le heintitis an gheilleagair shóisialta dálaí córa oibre a chur chun cinn trí rannpháirt a thabhairt d'fhostaithe ina rialachas agus ina gcinnteoireacht. Idirphlé sóisialta agus cómhargáil a chur chun cinn sa gheilleagar sóisialta, d'fhéadfadh sé feabhas a chur ar dhálaí oibre na bhfostaithe. Féadann Ballstáit an ghné sin den gheilleagar sóisialta a chothú agus a chur leis agus úsáid a bhaint as a saineolas trí rannpháirt a thabhairt d'eintitis an gheilleagair shóisialta i ndearadh agus i gcur chun feidhme na mbeartas ghníomhach maidir leis an margadh saothair[59].

(11) Cuireann an geilleagar sóisialta le hAontas an Chomhionannais trí chuimsiú sóisialta grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus faoi ghannionadaíocht a chur chun cinn trí sholáthar seirbhísí sóisialta agus cúraim (lena n- áirítear cúram leanaí, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach), tithíochta sóisialta agus tacaíochta le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu. Cuidíonn siad le neamhionannais a laghdú, amhail bearna fostaíochta idir na hinscní, trí chion mór ban a fhostú go díreach agus trí

---

54 Moladh ón gComhairle an 15 Márta 2018 maidir le Creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha (IO C 153, 2.5.2018, lgh. 1-6).

55 Moladh an 30 Deireadh Fómhair 2020 ón gComhairle maidir le Droichead chun na Fostaíochta – Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus a chuirtear in ionad Mholadh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú (IO C 372, 4.11.2020, lgh. 1-9).

56 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht (IO C 243, 27.6.2022, lgh. 10-25).

57 Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21–59).

58 Sampla amháin is ea tacaíocht na Beilge a soláthraíodh do '*collectief maatwerk*', lena n- áirítear tacaíocht airgeadais le fiontair shóisialta lánpháirtíochta oibre.

59 Sampla amháin is ea an tionscnamh Francach, *Territoires Zéro Chômeurs de Longue Durée*, arb é is aidhm dó dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac trí eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bhunú i limistéir a bhfuil rátaí arda dífhostaíochta fadtéarmaí iontu chun cónaitheoirí áitiúla a fhostú ar conarthaí buana chun gníomhaíochtaí úsáideacha a dhéanamh don phobal, amhail athchúrsáil, cúram leanaí agus garraíodóireacht phobail. Tugadh tionscnaimh chomhchosúla isteach in Groeningen san Ísiltír agus in Marientaal san Ostair.

sheirbhísí cúraim a sholáthar a chuireann ar chumas na gcúramóirí, ar mná a bhformhór, fostaíocht a fháil i margadh an tsaothair. Mar chomhpháirtí tábhachtach le haghaidh na hearnála poiblí, is féidir leis an ngeilleagar sóisialta rannchuidiú luachmhar a dhéanamh maidir le dearadh agus soláthar seirbhísí cúraim chónaithe, bhaile agus phobalbhunaithe. Trí thionscnaimh chomhpháirtíochta, is féidir le húdaráis phoiblí agus le heintitis an gheilleagair shóisialta seirbhísí cúraim a sholáthar atá d'ardcháilíocht, inrochtana agus inacmhainne.

(12) Tá ról ríthábhachtach ag córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna chun na scileanna is gá don áit oibre, d'fhorbairt phearsanta agus do shaoránacht a sholáthar. Cuidíonn siad chomh maith le lucht saothair oilte a áirithiú atá in ann rannchuidiú a dhéanamh i dtreo an dá aistrithe ghlais agus dhigitigh atá cóir. Soláthraíonn eintitis an gheilleagair shóisialta deiseanna fostaíochta, oiliúint ar an láthair oibre, agus cláir foghlama obairbhunaithe a chuirtear in oiliúint do riachtanais daoine aonair agus an gheilleagair áitiúil. D'fhéadfaidís cuidiú le rolladh amach cuntas foghlama aonair dá dtagraítear in Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le Cuntais Foghlama Aonair[60]. Dá bhrí sin, féadann siad rannchuidiú le lucht saothair oilte agus inoiriúnaithe a bhaint amach, lucht saothair atá in ann freagairt d'athruithe sa mhargadh saothair, as a bhféadfadh aistrithe ó phost go post a éascú agus ganntanais saothair a mhaolú, agus rannchuidiú a thabhairt d'fhás eacnamaíoch foriomlán dá bhrí sin. Is féidir leis na Ballstáit leas a bhaint as an acmhainneacht sin, agus faisnéis scileanna á tógáil, oiliúint á héascú, agus curaclaim oideachais á ndearadh.

(13) Is gá go dtéitear i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as an dá aistriú agus as an aistriú déimeagrafach ar leibhéil réigiúnacha agus áitiúla chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach. Oibríonn eintitis an gheilleagair shóisialta ar bhealach ó bhonn aníos go ginearálta, cóngarach do phobail, do shaoránaigh agus na fadhbanna atá acu, ag gníomhú mar nuálaithe sóisialta go minic agus ag aimsiú réitigh is féidir a uas- scálú agus/nó a athchruthú agus a chuireann le hathrú sóisialta sistéamach. Mar shampla, d'fhéadfadh an geilleagar sóisialta deiseanna uas- scilithe a sholáthar d'oibrithe ar bheagán oiliúna ó earnálacha atá ag dul faoi athruithe móra agus bunearraí inacmhainne a sholáthar do ghrúpaí ar ioncam íseal. I limistéir iargúlta agus thuaithe ag a bhfuil tairiscintí fostaíochta agus oideachais níos lú, féadann eintitis an gheilleagair shóisialta deiseanna a bhfuil géarghá leo a sholáthar, as a n- éireoidh na réigiúin sin níos tarraingtí. Dá bhrí sin, rannchuidíonn forbairt éiceachóras geilleagair shóisialta an Aontais le hiarmhairtí aosaithe, bánaithe agus treochtaí déimeagrafacha eile a mhaolú, agus le forbairt eacnamaíoch agus thionsclaíoch áitiúil a chur chun cinn, i limistéir thuaithe agus iargúlta agus i réigiúin an Aontais is forimeallaí go háirithe, amhail i dtalmhaíocht, i dtáirgeadh bia orgánaigh, agus sa gheilleagar gorm.

(14) Daingnítear an geilleagar sóisialta trí fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail agus éiceachórais fhabhracha le haghaidh nuálaíocht shóisialta a chur chun cinn agus stiúrtar athrú leo chuig geilleagar aeráidneodrach i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[61] agus le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais[62]. I bhfianaise an

---

60 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair 2022/C 243/03 (IO C 243, 27.6.2022, lgh. 26–34).

61 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal*The European Green Deal*[an Comhaontú Glas don Eoraip], COM(2019) 640 final.

róil thábhachtaigh atá ag an ngeilleagar sóisialta i bhforbairt an gheilleagair chiorclaigh, d'fhéadfadh dearadh beart beartais tionsclaíochta cothrománach agus comhleanúnach maidir le hathúsáid, deisiú agus athchúrsáil margadh feidhmiúil le haghaidh amhábhair thánaisteacha a chur chun cinn, rannchuidiú an gheilleagair shóisialta leis na cuspóirí a leagtar amach sa phlean gníomhaíochta um an ngeilleagar ciorclach[63] a bharrfheabhsú agus borradh a chur faoi iomaíochas tionscail glan- nialasachta na hEorpa. Léirigh eintitis an gheilleagair shóisialta a oibríonn sa réimse digiteach an poitéinseal saoránaigh agus gnólachtaí a chumhachtú páirt a ghlacadh in aistriú digiteach atá ionchuimsitheach agus dírithe ar an duine agus ról gníomhach a dhéanamh chun cuspóirí agus spriocanna an chláir beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach a bhaint amach arna bhunú le Cinneadh (AE) 2022/2481[64] agus leis An Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití[65]. Chun borradh a chur faoi athléimneacht an dá aistriú sin chuig sochaí ghlas agus dhigiteach, thug an Coimisiún a straitéis thionsclaíoch don Eoraip cothrom le dáta i mí na Bealtaine 2021. Leagtar amach leis an straitéis na dúshláin atá roimh na 14 éiceachóras thionsclaíocha, lena n- áirítear an t- éiceachóras 'gaireacht agus geilleagar sóisialta'.

(15) Chun a chur ar chumas an gheilleagair shóisialta a phoitéinseal a chomhlíonadh maidir le tacú le rochtain ar an margadh saothair, cuimsiú sóisialta, forbairt scileanna, comhtháthú críochach agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe, tá creat cumasúcháin de dhíth air. Ós rud é go bhfuil tionchar ar an ngeilleagar sóisialta ag beartais agus forálacha cothrománacha agus earnálacha, is gá go gcuireann creat cumasúcháin gnéithe sonracha an gheilleagair shóisialta san áireamh chomh maith leis na bacainní breise atá os comhair eintitis an gheilleagair shóisialta ina bhforbairt a chuireann teorainn lena raon feidhme chun a bheith ag oibriú taobh le gnólachtaí príomhshrutha. Ní fhéachann eintitis an gheilleagair shóisialta gnóthachain éifeachtúlachta ná brabúis a uasmhéadú, ach torthaí sóisialta dearfacha a chruthú. Teastaíonn uathu bearta tacaíochta agus timpeallachtaí fabhracha airgeadais, riaracháin agus dlí ina gcuirtear gnéithe sonracha a samhlacha gnó san áireamh i dtéarmaí rialachais, leithdháileadh brabúis, dálaí oibre agus tionchair. Cuireann na bearta sin ar a gcumas, mar shampla, oibrithe a fhostú nach bhfuil chomh táirgiúil céanna nó seirbhísí sóisialta a sholáthar ar phraghsanna inrochtana. Tá gá le straitéisí cuimsitheacha chun creataí cumasúcháin a shocrú. D'fhéadfadh bearta a ghlacadh nó a chur chun feidhme a bheith i gceist leis sin nó beartais agus tionscnaimh a choigeartú chun tacú le rannchuidithe an gheilleagair shóisialta le spriocanna sóisialta agus comhshaoil agus a luach eacnamaíoch agus tionsclaíoch a fheabhsú. Ba cheart leis na straitéisí sin dul chun cinn a rianú agus éifeachtacht tionscnamh a thomhas, coigeartuithe agus feabhsuithe a dhéanamh de réir mar is gá, agus ar deireadh torthaí níos éifeachtúla a mbeidh an- tionchar acu ón earnáil a bheith mar thoradh orthu. D'fhéadfadh sé go mbeadh straitéisí le glacadh ar

---

62 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún*Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan- Nialasach*, COM(2023) 62 final.

63 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal*A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe* [Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM(2020) 98 final).

64 Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (IO L 323, 19.12.2022, lgh. 4–26).

65 An Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití, COM(2022) 28 final.

leibhéil dhifriúla an rialtais (cinn náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla) ag brath ar eagar agus comhthéacs institiúideach i ngach Ballstát. D'fhéadfadh réigiúin agus leibhéil fhonáisiúnta eile straitéisí geilleagair shóisialta a ghlacadh a bhaineann go soiléir le cuspóirí agus tosaíochtaí forbartha réigiúnaí, agus na tairbhí frithpháirteacha a uasmhéadú.

(16) Tá sé fíor- riachtanach go gcuirtear páirtithe leasmhara an gheilleagair shóisialta san áireamh le haghaidh straitéisí an gheilleagair shóisialta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Shocraigh roinnt Ballstát grúpaí ardleibhéil cheana lena gcothaítear idirphlé idir údaráis phoiblí agus eintitis an gheilleagair shóisialta[66]. D'fhéadfadh líonraí ionadaíocha an gheilleagair shóisialta a bheith ina n- ardán le haghaidh gníomhaíocht chomhchoiteann, d'fhéadfaidís comhar agus comhroinnt faisnéise a éascú, agus deiseanna le haghaidh forbairt acmhainne agus piarfhoghlaim a chruthú.

(17) Tá ról tábhachtach ag tacaíocht airgeadais phoiblí chun bunú agus forbairt eintitis an gheilleagair shóisialta a chumasú. Go ginearálta, bíonn deacrachtaí níos mó ag eintitis an gheilleagair shóisialta acmhainní airgeadais a fháil ná a bhíonn ag fiontair eile. Mar shampla, d'ainneoin roinnt feabhsuithe, nochtadh le hanailís ar mhargaidh airgeadais fiontair shóisialta neamhréir leanúnach idir soláthar agus éileamh i ndáil le maoiniú le haghaidh fiontair shóisialta san Eoraip, i dtéarmaí rochtain ar fhiachas agus ar chothromas. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag eintitis an gheilleagair shóisialta tionchair dhearfacha shóisialta agus/nó chomhshaoil a ghiniúint agus ní féidir leo ach méid teoranta brabús a leithdháileadh ar a maoinitheoirí agus a n- úinéirí, más féidir ar chor ar bith, ní bhíonn siad an- oiriúnach go ginearálta d'infheisteoirí a bhfuil fonn orthu torthaí airgeadais nach beag a fháil. Is iondúil go mbíonn na bearta tacaíochta atá ar fáil chun dul i ngleic leis an gceist sin easnamhach agus bíonn an- difríocht eatarthu maidir lena n- éifeachtacht. Baineann éagsúlacht leis na bearta idir deontais agus fóirdheontais agus seirbhísí comhairleachta agus fothaithe acmhainneachta agus is minic a sholáthraíonn gorlanna iad. Dá bhrí sin tá neart deiseanna ann fós feabhas a chur ar chistiú saincheaptha a sholáthar le haghaidh céimeanna difriúla saolré eintitis an gheilleagair shóisialta, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú tacaíocht bhreise chun cistiú príobháideach a shlógadh agus bearta comhlántacha chun feabhas a chur ar rochtain ar chistiú d'eintitis an gheilleagair shóisialta. Cur chuige amháin den sórt sin is ea rogha a thabhairt do choigilteoirí aonair, nó d'fhostaithe a ghlacann páirt i bpleananna scoir nó coigiltis arna gcistiú ag an bhfostóir leis an rogha plean coigiltis a roghnú lena n- infheistítear sciar a gcoigiltis isteach i bhfiontar sóisialta[67].

(18) Soláthraíonn an tAontas roinnt mhaith deiseanna cistiúcháin chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta. Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1058[68], Ciste um Aistriú Cóir arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1056[69], Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

66 Mar shampla, Ard- Chomhairle na Fraince um Gheilleagar Dlúthpháirtíochta Sóisialta, Comhairle na Spáinne um Fhorbairt an Gheilleagair Shóisialta, agus Comhairle na Portaingéile um Gheilleagar Sóisialta.

67 Mar shampla « Les Fonds Communs de Placement d'Entreprise solidaires » sa Fhrainc.

68 Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe, (IO L 231, 30.6.2021, lgh. 60–93).

69 Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir, (IO L 231, 30.6.2021, lgh. 1–20).

arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013[70], clár an mhargaidh aonair arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/690[71], an clár InvestEU arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523[72], agus, i gcás inarb ábhartha, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/241[73], soláthraítear cistiú leo uile. Soláthraíonn an tAontas tacaíocht chomhairleach freisin tríd an ardán fi- compass chun ionstraim airgeadais a dhearadh faoi Chistí an Bheartais Chomhtháthaithe. D'fhéadfadh na Ballstáit, lena n- áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla, úsáid níos fearr a bhaint as na deiseanna sin trí bhearta sonracha a ghlacadh le haghaidh an gheilleagair shóisialta. Is ionstraim eile an Aontais í tacaíocht theicniúil[74] atá ar fáil chun feabhas a chur ar acmhainneacht na mBallstát beartais a dhearadh agus a chur chun feidhme chun an geilleagar sóisialta a neartú.

(19) Tá sé criticiúil earraí agus seirbhísí a sholáthar agus a bheith ag obair le húdaráis phoiblí agus le gnólachtaí príomhshrutha araon le haghaidh fhorbraíocht an gheilleagair shóisialta, le haghaidh ioncam a ghiniúint agus chun cuidiú le heintitis an gheilleagair shóisialta neamhthuilleamaíocht airgeadais a bhaint amach. A bhuí leis an raon feidhme le haghaidh solúbthachta faoi rialacha sholáthar poiblí an Aontais, féadann údaráis chonarthacha soláthar poiblí a úsáid ar bhealach níos straitéisí trí chritéir nuálacha, ghlasa agus shóisialta a shocrú, agus rannchuidiú ar deireadh le geilleagar atá níos inbhuanaithe, níos ionchuimsithí agus níos iomaíche. Dámhtar an chuid is mó de na tairiscintí fós, áfach, ar bhonn an phraghais amháin. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag eintitis an gheilleagair shóisialta buntáistí don tsochaí agus comhchoiteanna a sholáthar in ionad seirbhísí a sholáthar ar an bpraghas is lú, bíonn deacrachtaí acu dul san iomaíocht i ngnáthphróisis soláthair phoiblí, d'ainneoin go soláthraíonn siad breisluach níos leithne don phróiseas soláthair. Tá spás ann chomh maith acmhainneacht eintitis an gheilleagair shóisialta chun gnó a dhéanamh a mhéadú, lena n- áirítear trí lánpháirtiú i slabhraí luacha gnólachtaí príomhshrutha agus comhpháirtíocht a dhéanamh leo chun tairiscintí a dhéanamh i gcomhpháirt leo le haghaidh soláthar poiblí agus deiseanna margaidh nua a chruthú.

(20) Is minic nach mbaineann údaráis phoiblí an leas is fearr as an raon feidhme atá ann faoi láthair faoi rialacha Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta, i gcás nach féidir leis an margadh rochtain shásúil ar an margadh saothair agus cuimsiú sóisialta a bhaint amach as féin, teorainn á cur orthu féin le bearta faoin tairseach ginearálta *de minimis* agus gan an rogha a úsáid bearta a bhunú faoi

---

70 Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487-548).

71 Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n- áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n- ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n- aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, (AE) Uimh. 652/2014 (IO L 153, 3.5.2021, lgh. 1–47).

72 Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017, (IO L 107, 26.3.2021, lgh. 30–89).

73 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, (IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75).

74 Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1–16).

Rialachán (AE) Uimh. 651/2014[75] ón gCoimisiún (an Rialachán Ginearálta Maidir le Blocdhíolúine) amhail cabhair réigiúnach, cabhair um maoiniú riosca, agus cabhair chun oibrithe faoi mhí- bhuntáiste a earcú. Maidir le cabhair *de minimis*, tá sé teoranta do EUR 200 000 thar 3 bliana faoi láthair, ach rachaidh na rialacha atá an faoi láthair in éag an 31 Nollaig 2023 agus tá siad á n- athbhreithniú. Le rialacha an Aontais lena rialaítear seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne soláthraítear raon feidhme chun Státchabhair a údarú, ach ní bhaineann údaráis phoiblí lántairbhe as na roghanna sin go minic, go háirithe le haghaidh seirbhísí sóisialta sa réimse imeascatha oibre de dhaoine leochaileacha.

(21) Tá ról nach beag ag beartas cánach freisin chun an geilleagar sóisialta a chothú agus a áirithiú go bhfuil eintitis an gheilleagair shóisialta in ann a oibriú taobh le gnólachtaí príomhshrutha, lena gcruthaítear timpeallacht an ghnó atá níos cothroime agus cuimsiú sóisialta agus rochtain níos fearr ar fhostaíocht á rannchuidiú. Níor bhunaigh ach cúpla Ballstát creat cánach comhsheasmhach lena spreagtar forbairt na hearnála, lena n- áirítear dreasachtaí cánach a chuirtear in oiriúint do riachtanais an gheilleagair shóisialta, agus a éagsúlacht á aithint agus ilroinnt á seachaint. Is féidir le dreasachtaí cánach dea- dheartha a shocrú le haghaidh tabhartais d’eintitis an gheilleagair shóisialta sochair phoiblí spreagadh a thabhairt dá maoiniú, trasna teorainneacha an Aontais freisin i gcomhréir le prionsabal an Chonartha um neamh- idirdhealú. Tá bacainní riaracháin fós i roinnt Ballstát maidir le tabhartais chun tairbhe phoiblí trasna teorainneacha na mBallstát, agus easpa trédhearcachta maidir leis na doiciméid is gá le bheith incháilithe ar stádas sochair phoiblí. Le foirmeacha caighdeánaithe an eintitis is faighteoir atá bunaithe i mBallstát eile á n- eisiúint, d’fhéadfaí bacainní riaracháin a laghdú. Mar chéad chéim, d’fhéadfadh na Ballstáit aistriúcháin ar na foirmeacha náisiúnta a sholáthar sna teangacha a úsáideann Ballstáit eile. Mar dhara céim, d’fhéadfadh na Ballstáit fiosrú a dhéanamh faoi fhoirmeacha caighdeánacha a fhorbairt maidir le cáin dhíreach ar thabhartais trasteorann.

(22) Tá próisis a bhaineann le tionchar sóisialta a thomhas agus a bhainistiú tábhachtach go háirithe d’eintitis an gheilleagair shóisialta toisc go gcuireann siad ar a gcumas a dtionchar a thuiscint agus a chur in iúl agus rochtain ar chistiúchán arna threorú ag tionchar a fháil. Cuimsítear le tomhas tionchair shóisialta méadracht agus uirlisí a úsáid chun an tionchar sóisialta idirghabhála nó tionscnaimh áirithe a thomhas. Cuimsítear le bainistíocht tionchair shóisialta na córais, próisis agus cumais a theastaíonn ó eagraíocht a thógáil chun a tionchar a bhainistiú agus a mhéadú go réamhghníomhach. Ach d’fhéadfadh an raon leathan creataí agus uirlisí a bheith ina dhúshlán, go háirithe le haghaidh eintitis a bhfuil níos lú acmhainní acu. Cumasaítear le faireachán ar thorthaí sóisialta infheistíochtaí poiblí grinnscrúdú poiblí a dhéanamh, agus d’fhéadfadh sé tacú leis an réasúnaíocht airgead na gcáiníocóirí a úsáid chun tacú le heintitis nó gníomhaíochtaí an gheilleagair shóisialta, agus d’fhéadfadh sé cuidiú le ‘sciúradh tionchair’ (áibhéil nó maíomh bréagach a dhéanamh faoi thionchar) a sheachaint. Maidir leis sin, d’fhéadfadh cuir chuige a bhaineann le tionchar sóisialta a thomhas agus a bhainistiú atá dea- mheáite, comhréireach agus oiriúnaithe do riachtanais eintiteas aonair a bheith ina gcuidiú. Ba cheart dóibh a bheith bunaithe ar mhodhanna agus táscairí caighdeánacha, chomh maith le tosca amhail méid, céim forbartha, agus ilchineálacht eintiteas.

---

[75] Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lgh. 1–78).

(23) Tháinig feabhas ar infheictheacht agus aitheantas an gheilleagair shóisialta ar leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha san Aontas le 10 mbliana anuas. Níl leas bainte as poitéinseal na hearnála den chuid is mó fós i roinnt mhaith tíortha an Aontais, áfach. Buanaítear le heaspa comhordaithe agus malartaithe ar fud na dtíortha na difríochtaí i bhforbairt an gheilleagair shóisialta, agus dá bhrí sin tá deis shoiléir ann do na Ballstáit gnóthú trí dhea- chleachtais a fhoghlaim agus a roinnt. Tá feasacht theoranta i measc an phobail i gcoitinne freisin faoin ngeilleagar sóisialta agus na rannchuidithe dearfacha a dhéanann sé. D'fhéadfadh sé sin bac a chur ar fhorbairt beartas tacaíochta agus deiseanna margaidh le haghaidh an gheilleagair shóisialta. Is féidir feasacht a mhúscailt trí rialúchán agus trína áirithiú go gcomhlíonfaidh reachtaíocht nua riachtanais eintitis an gheilleagair shóisialta agus go dtugtar dlisteanacht dóibh, lena n- éascaítear rochtain ar mhaoiniú agus ar mhargaí. Sheol údaráis phoiblí náisiúnta agus páirtithe leasmhara roinnt tionscnamh, amhail foirmeacha, lipéid agus stádais dhlíthiúla shonracha[76] le haghaidh an gheilleagair shóisialta, agus feachtais chumarsáide ar scála mór, chun tuiscint agus infheictheacht an gheilleagair shóisialta a mhéadú. Cuimsítear le hathchóirithe rathúla eile cruthú aonad aireachta sonrach le haghaidh an gheilleagair shóisialta agus idirphlé feabhsaithe idir páirtithe leasmhara agus údaráis phoiblí. Tá sé ríthábhachtach borradh a chur faoi infheictheacht an gheilleagair shóisialta chun a thionchar dearfach ar an tsochaí a aithint go hiomlán, mar a cuireadh i dtábhacht sa phlean gníomhaíochta maidir leis an ngeilleagar sóisialta le seoladh thairseach an gheilleagair shóisialta.

(24) Tá sé ríthábhachtach sonraí agus staidreamh cruinn a bheith ann chun samhlacha gnó an gheilleagair shóisialta a thuiscint agus chun cinntí beartais fianaisebhunaithe a dhéanamh. Tá ganntanas sonraí iontaofa ann faoin ngeilleagar sóisialta, áfach, lena n- áirítear sonraí maidir lena bhreisluach eacnamaíoch agus a fheidhmíocht. Bíonn na sonraí atá ann cheana neamhiomlán go minic agus is deacair na sonraí a chur i gcomparáid lena chéile. Mar shampla, níor leathnaigh ach cúpla Ballstát a gcórais chuntasaíochta náisiúnta chun sonraí forlíontacha a bhailiú (amhail i gcuntais satailíte) maidir leis an ngeilleagar sóisialta, d'ainneoin tacaíocht airgeadais atá ar fáil faoi bhuiséad an Aontais. Ní chuirtear an geilleagar sóisialta san áireamh i staidreamh struchtúrach gnó de ghnáth, mar shampla nuair a bhunaítear staidreamh ar shonraí eacnamaíocha a ghineann gnólachtaí brabúis agus ní chuirtear eintitis an gheilleagair shóisialta san áireamh ach i gcatagóirí iarmharacha. Trí bhíthin staidreamh fíor- riachtanach maidir le méid, lucht saothair, forbairt agus dúshláin an gheilleagair shóisialta a chur ar fáil, bheadh na straitéisí agus na bearta a chuirtear i bhfeidhm níos éifeachtúla agus oiriúnaithe do chásanna difriúla san earnáil.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

**CUSPÓIR**

1. I gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, is é is aidhm don Mholadh seo rochtain ar an margadh saothair agus cuimsiú sóisialta a chothú trí Bhallstáit a threorú maidir le creataí beartais agus rialála cumasúcháin le haghaidh an gheilleagair shóisialta agus/nó beart a éascaíonn a fhorbairt a chur chun cinn.

[76] Ní hionann stádais/cáilíochtaí dlíthiúla, dá dtagraítear mar lipéid freisin uaireanta, agus foirmeacha dlíthiúla toisc is féidir iad a bheith glactha ag foirmeacha dlíthiúla éagsúla, lena n- áirítear eagraíochtaí brabúsacha agus neamhbhrabúsacha.

Chun na cuspóirí a bhaint amach, moltar do na Ballstáit a oibriú le chéile le páirtithe leasmhara chun na rannchuidithe a dhéanann an geilleagar sóisialta a aithint, agus chun bheith ag tacú agus ag cur leo.

2. Féachtar leis an Moladh sin tacú le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus cuidiú le trí phríomhsprioc an Aontais le haghaidh fostaíochta, scileanna, agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach faoi 2030.

3. Trí bhíthin an geilleagar sóisialta a chur chun cinn, féachtar leis an Moladh sin freisin forbairt eacnamaíoch agus thionsclaíoch chóir agus inbhuanaithe a spreagadh agus rannchuidiú le comhtháthú críochach ó Bhallstát go chéile.

## SAINMHÍNIÚ

4. Chun críoch an Mholta sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

   (a) ciallaíonn 'geilleagar sóisialta' eintitis phríobháideacha, neamhspleách ar údaráis phoiblí, a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí dá mbaill nó don tsochaí, lena gcuimsítear comharchumainn, cumainn chomhshochair, comhlachais (lena n- áirítear carthanais), fondúireachtaí agus fiontair shóisialta a oibríonn i gcomhréir leis na príomhphrionsabail agus na príomhghnéithe seo a leanas:

   - tosaíocht na ndaoine chomh maith le cuspóir sóisialta agus/nó comhshaoil seachas brabús;
   - an ath- infheistíocht den chuid is mó de bhrabúis agus de bharrachais chun a gcuspóirí sóisialta agus/nó comhshaoil a shaothrú níos mó agus gníomhaíochtaí a dhéanamh ar mhaithe le leas na mball/na n- úsáideoirí ('leas comhchoiteann') agus/nó na sochaí i gcoitinne ('leas ginearálta'); agus
   - rialachas daonlathach agus/nó rannpháirteach.

   (b) ciallaíonn 'fiontar sóisialta' eintiteas a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí don mhargadh ar bhealach fiontraíochta agus i gcomhréir le prionsabail agus gnéithe an gheilleagair shóisialta, arb iad cuspóirí sóisialta agus/nó comhshaoil is cúis lena ghníomhaíocht tráchtála.

## ROCHTAIN AR MHARGADH AN tSAOTHAIR AGUS AR CHUIMSIÚ SÓISIALTA TRÍD AN nGEILLEAGAR SÓISIALTA A CHOTHÚ

### Rochtain ar mhargadh an tsaothair

5. Moltar do na Ballstáit aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do bhreisluach sonrach an gheilleagair shóisialta trí rochtain ar mhargadh an tsaothair a éascú agus poist ardcháilíochta do chách a chur chun cinn, agus feabhas a chur ar dhálaí córa oibre freisin. Ba cheart é sin a dhéanamh faoi chuimsiú fáis chuimsithigh, mar a chuirtear i dtábhacht sna Treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát, go háirithe trí:

   (a) tionscnaimh chomhpháirtíochta a bhunú nó a spreagadh lena dtugtar rannpháirt d'eintitis an gheilleagair shóisialta i ndearadh agus i gcur chun feidhme beartas gníomhach maidir leis an margadh saothair;

   (b) a áirithiú go soláthraíonn údaráis phoiblí tacaíocht leordhóthanach d'eintitis an gheilleagair shóisialta d'fhonn imeascadh níos fearr i margadh an tsaothair

maidir le mná, daoine faoi mhí- bhuntáiste agus grúpaí faoi ghannionadaíocht (amhail daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine atá thíos le droch- mheabhairshláinte, daoine neamhghníomhacha, oibrithe ar bheagán oiliúna, daoine faoi mhíchumais, daoine a bhfuil cúlra imirceach, cine mionlaigh nó eitneach acu (lena n- áirítear na Romaigh) daoine óga agus daoine scothaosta), trí bhíthin:

i. fiontair shóisialta lánpháirtíochta oibre a sholáthraíonn fostaíocht agus tacaíocht atá oiriúnaithe do ghrúpaí den sórt sin;

ii. gníomhaíocht chun cuidiú leis na grúpaí daoine sin ullmhú d'fhostaíocht trí thaithí oibre i bhfiontair shóisialta le haghaidh a n-imeasctha sa mhargadh saothair oscailte.

(c) tionscadail chomhoibríocha idir seirbhísí poiblí, údaráis áitiúla, eintitis an gheilleagair shóisialta agus gnólachtaí príomhshrutha a thacú chun deiseanna oiriúnaithe gairmthreorach agus foghlama agus oiliúna a sholáthar do dhaoine óga nach bhfuil san oideachas, fostaíocht ná oiliúint (NEETanna). Is féidir a áireamh leis na deiseanna sin printíseachtaí, tumchláir ghairmiúla, cóitseáil phearsanta agus cruinnithe le heiseamláirí, agus is é is aidhm dóibh imeascadh sa mhargadh saothair a éascú, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Threisithe don Aos Óg;

(d) fiontraíocht shóisialta a chur chun cinn mar bhealach chun féinfhostaíocht agus cineálacha fostaíochta eile a chothú, gníomhaíocht eacnamaíoch a fhorbairt go háitiúil agus chun dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil trí shamhlacha gnó nuálacha agus ionchuimsitheacha; ach chun é sin a bhaint amach féadann Ballstáit, mar shampla:

i. a áirithiú go bhfuil rochtain ar chosaint shóisialta ag fiontraithe sóisialta;

ii. breithniú ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta a laghdú chun fostaithe nua a earcú;

iii. mí- bhuntáistí féideartha riaracháin nó bacainní ar ghnó sóisialta a thosú a shainaithint, measúnú a dhéanamh orthu agus aghaidh a thabhairt orthu.

(e) beartais a dhearadh agus bearta a ghlacadh lena gcuirtear comhionannas inscne sa gheilleagar sóisialta chun cinn agus lena bpríomhshruthaítear é, mar shampla trí:

i. agóid a dhéanamh in aghaidh noirm shóisialta agus steiréitíopaí idirdhealaitheacha maidir le scileanna ban agus fear, agus obair na mban a mheas faoina luach;

ii. tacaíocht oiriúnaithe a sholáthar chun mná a chumhachtú trí bhearnaí idir na hinscní i bhfostaíocht agus pá a laghdú agus comhcheannaireacht a áirithiú;

iii. rochtain ar chláir chóitseála agus mheantóireachta a sholáthar do mhná ar mian leo a bheith ina bhfiontraithe sóisialta agus ina gceannairí.

(f) creat cumasúcháin a áirithiú le haghaidh aistrithe gnó chuig fostaithe chun comharchumainn oibrithe a chruthú chun caillteanais post a sheachaint agus gníomhaíocht eacnamaíoch a choimirciú;

(g) comhoibriú a dhéanamh le heintitis an gheilleagair shóisialta chun níos mó daoine a chumasú fostaíocht a fháil i margadh an tsaothair, trí theicneolaíochtaí cúnta a fhorbairt, mar shampla;

(h) idirphlé sóisialta agus cómhargáil sa gheilleagar sóisialta a chur chun cinn chun a áirithiú go bhfuil dálaí córa oibre ag oibrithe, lena n- áirítear pá cóir, agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú.

**Cuimsiú sóisialta**

6. Moltar do na Ballstáit aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do ról an gheilleagair shóisialta maidir le seirbhísí cúraim agus sóisialta ardcháilíochta agus inrochtana agus tithíocht a sholáthar, do ghrúpaí faoi mhí- bhuntáiste go háirithe, taobh le seirbhísí sóisialta atá ar fáil go poiblí. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla:

(a) comhoibriú a dhéanamh le heintitis an gheilleagair shóisialta faoi chuimsiú a réimsí gníomhaíochta faoi seach nuair atá seirbhísí leasa ghinearálta á mbunú agus á soláthar;

(b) rannpháirt a thabhairt d'eintitis an gheilleagair shóisialta i ndearadh agus soláthar seirbhísí duinelárnacha sóisialta agus cúraim, mar a chuireann an straitéis Eorpach um chúram i dtábhacht;

(c) ag obair le chéile le heintitis an gheilleagair shóisialta chun cúram agus tacaíocht le haghaidh leanaí agus daoine óga a dhearadh agus a sholáthar, lena n- áirítear leanaí ó ghrúpaí faoi mhí- bhuntáiste, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí arna bhunú le Moladh (AE) 2021/1004[77] ón gComhairle agus straitéis an Aontais um chearta an linbh[78].

**Scileanna**

7. Moltar do na Ballstáit tacú le forbairt oiliúna agus scileanna le haghaidh an gheilleagair shóisialta, go háirithe trí:

(a) tarraingt ar fhaisnéis scileanna atá ann cheana lena rianaítear riachtanais an gheilleagair agus an mhargaidh saothair príomhshrutha chun a thuiscint conas is féidir leis an ngeilleagar sóisialta cur le soláthar lucht saothair oilte agus ganntanais saothair a mhaolú;

(b) oiliúint agus scileanna sa gheilleagar sóisialta a éascú trí:

i. malartuithe foghlama idir eintitis an gheilleagair shóisialta, eagraíochtaí oiliúna agus gnólachtaí príomhshrutha a reáchtáil, arb é is aidhm dóibh scileanna bainistíochta, fiontraíochta, agus postbhainteacha a theastaíonn le haghaidh na n- aistrithe digiteacha agus glasa (lena n- áirítear scileanna ciorclacha, deisithe agus digiteacha);

ii. foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil a athsciliú agus a uas- sciliú, lena n- áirítear grúpaí daoine faoi mhí- bhuntáiste, agus cuidiú leo san aistriú chuig an margadh saothair oscailte, i gcomhréir le cur chuige na hEorpa

---

77 Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí (IO L 223/14 22.6.2021).

78 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh', COM(2021) 142 final.

maidir le micridhintiúir le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil agus infhostaitheachta;

iii. oiliúint maidir leis an ngeilleagar sóisialta, nó a sholáthraítear leis, a chur san áireamh sa liosta oiliúna atá incháilithe lena chumhdach sna cuntais foghlama aonair[79].

(c) scéimeanna printíseachta sonracha i ngeilleagar sóisialta a chruthú a thacaíonn le daoine óga, daoine nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna go háirithe, chun iad a uas- sciliú agus a ullmhú don mhargadh saothair agus chun cur ar chumas an gheilleagair shóisialta tallann a fhorbairt san earnáil, i gcomhréir leis an gCreat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha;

(d) cuimsiú scileanna an gheilleagair shóisialta agus fiontraíochta sóisialta san oideachas agus san oiliúint ar leibhéil uile an oideachais a chothú, i gcúrsaí fiontraíochta agus gnó go háirithe, agus rochtain a sholáthar ar chláir chóitseála agus mheantóireachta d'eintitis an gheilleagair shóisialta agus d'fhiontraithe sóisialta;

(e) lárionaid inniúlachta náisiúnta a chruthú le haghaidh oiliúint ar an ngeilleagar sóisialta agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh thrasnáisiúnta lena n- éascaítear rochtain ar chláir oideachais agus oiliúna speisialtóra le haghaidh an gheilleagair shóisialta, trí chomhar le soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, mar shampla, a oibríonn faoi chuimsiú comhlachtaí bunaithe, amhail na hIonaid Barr Feabhais Gairme dá dtagraítear i Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint le haghaidh iomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneachta[80].

**Nuálaíocht shóisialta, forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus comhtháthú críochach**

8. An ról tacaíochta atá ag eintitis an gheilleagair shóisialta maidir le nuálaíocht shóisialta agus príomhearnálacha forbartha áitiúla agus fostaíochta a chur chun cinn, moltar do na Ballstáit an ról sin a neartú. Is féidir é sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) éiceachóras fabhrach le haghaidh nuálaíocht shóisialta agus áitbhunaithe a chur chun cinn trí chomhar agus tionscnaimh chomhpháirtíochta a éascú idir eintitis shóisialta agus eintitis an gheilleagair chiorclaigh, gnólachtaí príomhshrutha, soláthraithe airgeadais, rialtais áitiúla agus páirtithe leasmhara eile. Is féidir é sin a dhéanamh, mar shampla, tríd an méid a leanas a dhéanamh:

i. moil nuálaíochta sóisialta nó braislí nuálaíochta sóisialta agus éiceolaíochta a chruthú nó a chothú atá ceaptha chun freastal ar riachtanais áitiúla agus chun réitigh chomhpháirteacha a thástáil;

---

79 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair 2022/C 243/03 (IO C 243, 27.6.2022, lgh. 26–34).

80 Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht 2020/C 417/01 (IO C 417, 2.12.2020, lch. 1-16).

ii. rannpháirt a thabhairt d'eintitis an gheilleagair shóisialta i bhforbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, lena n- áirítear trí úsáid a bhaint as ionstraimí cistiúcháin an Aontais atá ar fáil;

iii. teagmháil a dhéanamh le lárionaid inniúlachta náisiúnta agus réigiúnacha don nuálaíocht shóisialta chun líonraí a thógáil, acmhainneachtaí agus sineirgí a threisiú, éifeachtúlachtaí a chur i dtábhacht agus uirlisí agus modhanna riachtanacha a fhorbairt chun nuálaíocht shóisialta a spreagadh.

(b) a áirithiú go bhfuil an beartas maidir leis an ngeilleagar sóisialta nasctha leis an mbeartas tionsclaíoch agus leis an aistriú chuig geilleagar digiteach ciorclach;

(c) creataí rialála a oiriúnú chun tacú le heintitis an gheilleagair shóisialta sa gheilleagar ciorclach, mar shampla a áirithiú go bhfuil na dreasachtaí cearta i bhfeidhm do ghnólachtaí chun earraí nár díoladh agus earraí a tugadh ar ais a dheonú d'eintitis an gheilleagair shóisialta lena ndeisiú agus lena n- athúsáid in ionad na hearraí a scriosadh agus do dhaoine aonair maidir le hearraí athláimhe a dheonú, a áirithiú go mbeidh rochtain ag eintitis an gheilleagair shóisialta ar an sruth dramhaíola, rannpháirt a thabhairt dóibh i straitéisí coiscthe dramhaíola, agus bainc bhia a údarú chun barrachas bia a bhailiú;

(d) forbairt tionscnamh agus éiceachóras pobalbhunaithe an gheilleagair shóisialta a chothú, mar shampla pobail fuinnimh, réitigh soghluaisteachta chomhroinnte, comharchumainn ardán digiteach, comharchumainn talmhaíochta agus slabhraí agus margaí bia gearra áitiúla, chun go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar tháirgí agus ar sheirbhísí áitiúla;

(e) borradh a chur faoin rochtain atá ag eintitis an gheilleagair shóisialta ar uirlisí digiteacha agus ar theicneolaíochtaí nua amhail foinse oscailte, mórshonraí nó intleacht shaorga.

## CREATAÍ CUMASÚCHÁIN A FHORBAIRT DON GHEILLEAGAR SÓISIALTA

9. Moltar do na Ballstáit creataí beartais agus rialála a fhorbairt lena gcumasófar agus lena dtacófar an geilleagar sóisialta. Chuige sin, spreagtar iad chun straitéisí cuimsitheacha a dhearadh agus a rolladh amach lena n- aithnítear agus lena spreagtar an geilleagar sóisialta, i gcomhréir le plean gníomhaíochta an Aontais don gheilleagar sóisialta agus le treoraíocht bheartais eile an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit na moltaí a leagtar amach i bpointí 13 go 21 a leanúint agus na straitéisí sin á gceapadh acu.

10. Moltar do na Ballstáit sásraí comhairliúcháin agus idirphlé a chur i bhfeidhm idir na húdaráis phoiblí agus na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar an ngeilleagar sóisialta. D'fhéadfadh bunú grúpaí ardleibhéil a bheith i gceist leis sin agus tacú le teacht chun cinn agus forbairt líonraí ionadaíocha an gheilleagair shóisialta.

11. Sna straitéisí dá dtagraítear i bpointe 9, ba cheart do na Ballstáit croíphrionsabail, príomhghnéithe, agus raon feidhme an gheilleagair shóisialta a aithint, agus ba cheart dóibh a aithint gur féidir leo raon foirmeacha agus stádais dhlíthiúla éagsúla a ghlacadh agus go mbaineann siad go sonrach le dlíthe agus cleachtais éagsúla náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

12. Moltar do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i dtuiscint a n- oifigeach poiblí agus a n- údarás ar an ngeilleagar sóisialta trí chláir oiliúna agus tionscnaimh forbartha

acmhainní trasnáisiúnta agus/nó idir- réigiúnacha, lena n- áirítear tionscnaimh faoin gclár Interreg Europe a leagtar amach le Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[81]. Ba cheart do na tionscnaimh díriú ar an bpiarfhoghlaim agus ar dhea- chleachtais a chomhroinnt, agus béim ar leith á leagan ar chomhar a chothú idir údaráis réigiúnacha agus áitiúla, chomh maith le páirtithe leasmhara sa gheilleagar sóisialta. Tacóidh an Coimisiún leis an obair sin mar a thuairiscítear faoi phointe 22(a)iii.

**Rochtain ar chistiú poiblí agus príobháideach**

13. Moltar do na Ballstáit timpeallacht chumasúcháin a chruthú don mhaoiniú sóisialta ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, go háirithe trí:

(a) na struchtúir mhaoinithe d’eintitis an gheilleagair shóisialta, d’idirghabhálaithe airgeadais agus d’eagraíochtaí tacaíochta a mhapáil, agus measúnú a dhéanamh ar a riachtanais agus ar éifeachtacht na scéimeanna tacaíochta atá ann cheana;

(b) a áirithiú go mbeidh rochtain ag eintitis an gheilleagair shóisialta ar mhaoiniú ag an gcéim cheart dá bhforbairt agus curtha in oiriúint dá riachtanais, lena n- áirítear deontais agus fóirdheontais eile, maoiniú cothromais nó cuasachothromais le haghaidh na gcéimeanna síl agus nuathionscanta, nó maoiniú fiachais, cothromais, cuasachothromais, nó maoiniú forbraíochta le linn chéim an mhéadaithe, agus scéimeanna nuálacha maoiniúcháin, amhail comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, ardáin sluachistiúcháin, agus teaglamaí de chineálacha éagsúla ionstraimí airgeadais nó deontas agus ionstraimí airgeadais;

(c) rochtain infheisteoirí miondíola ar shamhlacha gnó inbhuanaithe, ar earnálacha, ar tháirgí agus ar sheirbhísí atá á dtiomáint nó á dtacú ag an ngeilleagar sóisialta a chur chun cinn;

(d) meastóireacht a dhéanamh ar na critéir maidir le rochtain a fháil ar chláir chistiúcháin phoiblí, lena n- áirítear iad siúd atá dírithe ar ghnáthghnólachtaí, chun a áirithiú nach gcruthóidh siad bacainní míchuí d’eintitis an gheilleagair shóisialta;

(e) maoiniú príobháideach a shlógadh trí scéimeanna ráthaíochta poiblí a chur ar fáil, i gcás inar gá, chun maoinitheoirí speisialaithe agus príomhshrutha a spreagadh chun eintitis an gheilleagair shóisialta a mhaoiniú;

(f) feasacht a mhúscailt maidir le saintréithe agus riachtanais shonracha eintitis an gheilleagair shóisialta chun feabhas a chur ar acmhainneacht maoinitheoirí príobháideacha príomhshrutha tacaíocht airgeadais shaincheaptha a thairiscint;

(g) rochtain ar fhorbairt gnó agus tacaíocht ullmhachta infheistíochta a éascú d’eintitis an gheilleagair shóisialta ar feadh a saolré, mar shampla trí scéimeanna tacaíochta múscailte feasachta le haghaidh gorlanna gnólachtaí príomhshrutha, luasairí, agus eagraíochtaí tacaíochta eile chun a dtacaíocht a

[81] Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh (IO L 231, 30.6.2021, lgh. 94- 158).

leathnú chuig eintitis an gheilleagair shóisialta, lena n- áirítear deiseanna forbartha acmhainne do bhainisteoirí eintitis an gheilleagair shóisialta;

(h) tacaíocht airgeadais thiomnaithe agus forbairt acmhainne a thairiscint chun aistrithe gnó chuig comharchumainn oibrithe a éascú;

(i) scéimeanna a thairiscint lena méadaítear infhaighteacht airgeadais d'eintitis an gheilleagair shóisialta, mar shampla rogha a thabhairt do choigilteoirí aonair, nó d'fhostaithe a ghlacann páirt i bpleananna scoir nó coigiltis arna gcistiú ag an bhfostóir, leis an rogha plean a roghnú lena n- infheistítear sciar isteach i bhfiontar sóisialta;

(j) an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcistiú atá ar fáil faoi Chistí an Bheartais Chomhtháthaithe, urrann Bhallstát an chláir InvestEU, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cláir chomhchosúla agus acmhainní náisiúnta agus réigiúnacha eile, trí bhearta agus tionscnaimh a reáchtáil arna gceapadh go sonrach le haghaidh eintitis an gheilleagair shóisialta;

(k) na seirbhísí comhairleacha fi- compass maidir le hionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhpháirteach an Aontais a úsáid chun ionstraimí airgeadais in- aisíoctha a fhorbairt faoi Chistí an Bheartais Chomhtháthaithe.

**Rochtain ar mhargaí agus ar sholáthar poiblí**

14. Moltar do na Ballstáit a n- údaráis chonarthacha a spreagadh chun earraí agus seirbhísí a cheannach go straitéiseach agus tionchar sóisialta a shaothrú agus tacú leis an nuálaíocht shóisialta. Chuige sin, ba cheart dóibh lánúsáid a bhaint as na huirlisí atá ar fáil faoi rialacha sholáthar poiblí an Aontais. D'fhéadfadh cineálacha éagsúla uirlisí beartais a bheith i gceist agus réitigh nuálacha atá freagrach go sóisialta á gcothú sa soláthar poiblí, lena n- áirítear:

(a) treoraíocht bheartais agus straitéisí soláthair a ghlacadh, lena n- áirítear spriocanna oifigiúla féideartha, le tacaíocht ón gceannaireacht agus le gealltanas ón leibhéal polaitiúil go dtí príomhchinnteoirí agus bainisteoirí buiséid;

(b) treoraíocht a chur ar fáil ar an leibhéal/na leibhéil riaracháin iomchuí;

(c) feasacht a mhúscailt maidir leis an mbreisluach a bhaineann le soláthar poiblí atá freagrach go sóisialta i measc údarás conarthach agus fiontar conarthach agus saineolas a chur ar fáil d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis an gheilleagair shóisialta;

(d) údaráis chonarthacha a spreagadh chun tagairt a dhéanamh i ndoiciméid tairisceana d'oibleagáidí sonracha faoin dlí sóisialta agus saothair agus faoi chomhaontuithe comhchoiteanna a bhfuil feidhm acu maidir leis an soláthar[82], iarraidh ar thairgeoirí comhlíonadh a dheimhniú, agus bearta faireacháin a chur ar bun;

---

[82] Airteagal 30(3) de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 094 28.3.2014, lch. 1), Airteagal 18(2) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n- aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 094 28.3.2014, lch. 65) agus Airteagal 36(2) de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a oibríonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n- aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 094 28.3.2014, lch. 243).

(e) idirphlé struchtúrtha, trédhearcach agus neamh- idirdhealaitheach a spreagadh leis an ngeilleagar sóisialta agus le páirtithe leasmhara eile chun straitéis soláthair phoiblí atá freagrach go sóisialta a dhearadh.

15. Ó thaobh substainte de, ba cheart d'údaráis chonarthacha úsáid níos fearr a bhaint as na forálacha solúbtha faoi chreat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana chun cuidiú le heintitis an gheilleagair shóisialta rochtain a fháil ar an margadh tríd an méid seo a leanas, mar shampla:

(a) idirphlé margaidh a chothú, go háirithe trí réamhchomhairliúcháin mhargaidh thrédhearcacha agus ionchuimsitheacha a dhéanamh le raon spriocdhírithe soláthróirí féideartha;

(b) conarthaí a fhorchoimeád le haghaidh fiontair shóisialta lánpháirtíochta oibre nó le haghaidh oibreoirí a fhostaíonn 30 % ar a laghad de dhaoine faoi mhíchumas nó d'oibrithe faoi mhíbhuntáiste i gcomhréir le hAirteagal 24 de Threoir 2014/23/AE, Airteagail 20 agus 77 de Threoir 2014/24/AE agus Airteagail 38 agus 94 de Threoir 2014/25/AE;

(c) critéir roghnúcháin chomhréireacha agus ionchuimsitheacha a leagan síos chun cur ar chumas gnólachtaí sóisialta beaga agus nuálacha tairiscint a dhéanamh ar chonarthaí;

(d) imeacht ó loighic an phraghais is ísle trí chritéir dhámhachtana shóisialta a úsáid i gcomhréir le riail na 'tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch' agus clásail chonartha shóisialta, agus ceanglais feidhmíochta nó fheidhmiúla a shocrú ag céimeanna éagsúla de nósanna imeachta soláthair, lena n- áirítear i sonraíochtaí teicniúla;

(e) conarthaí a roinnt ina mbaisceanna, i gcomhréir le hAirteagal 46 de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 65 de Threoir 2014/25/AE, agus mar aon leis sin d'fhonn comhar a éascú idir gnólachtaí príomhshrutha agus eintitis an gheilleagair shóisialta, agus trí úsáid a bhaint as córais shimplithe, go háirithe le haghaidh seirbhísí sóisialta agus seirbhísí sonracha eile chun an próiseas a dhéanamh níos inrochtana d'eintitis an gheilleagair shóisialta;

(f) lipéid shonracha sna sonraíochtaí teicniúla a cheangal, sna critéir dhámhachtana nó sna coinníollacha feidhmíochta conartha, tráth a bhfuil sé beartaithe acu oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí a cheannach a bhfuil saintréithe sonracha sóisialta nó comhshaoil acu, i gcomhréir le hAirteagal 43 de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 61 de Threoir 2014/25/AE.

16. Chun cuidiú le heintitis an gheilleagair shóisialta a raon feidhme a leathnú, moltar do na Ballstáit comhar a chothú idir eintitis an gheilleagair shóisialta agus gnólachtaí príomhshrutha, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) feasacht a mhúscailt maidir le breisluach sóisialta trí dhea- chleachtais a chur chun cinn lena spreagtar gnólachtaí príomhshrutha chun rannpháirt a thabhairt d'fhiontair shóisialta ina slabhraí soláthair agus luacha fadtéarmacha agus do thomhaltóirí chun earraí agus/nó seirbhísí arna dtáirgeadh ag eintitis an gheilleagair shóisialta a cheannach, ar a dtugtar an ghluaiseacht 'ceannach shóisialta' freisin;

(b) dlús a chur le soláthar seirbhísí meantóireachta, meaitseála agus éascaithe chun cuidiú le heintitis an gheilleagair shóisialta comhpháirtíochtaí fadtéarmacha a fhorbairt leis an bpobal gnó i gcoitinne;

(c) fostaithe fiontar sóisialta a chur chun cinn agus tacú leo maidir le himeascadh agus iad ag obair le gnólachtaí príomhshrutha chun taithí a fháil ar an margadh saothair oscailte;

(d) cuidiú le heintitis agus fiontraithe an gheilleagair shóisialta an leas is fearr is féidir a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun rochtain a fháil ar mhargaí príobháideacha trí ardáin ar líne, spásanna comhoibríocha agus an choimíneacht dhigiteach atá dírithe ar an ngeilleagar sóisialta.

**Státchabhair**

17. Nuair is státchabhair é beart tacaíochta atá beartaithe don gheilleagar sóisialta agus gan dochar do na rialacha is infheidhme, moltar do na Ballstáit lánúsáid a bhaint as an raon feidhme faoi rialacha maidir le Státchabhair chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta, dá bhforáiltear le Rialachán (AE) Uimh. 651/2014, faoi na rialacha maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, agus an riail *de minimis* tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) forálacha Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 a úsáid, go háirithe:

i. breithniú ar chabhair infheistíochta d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), mar shampla chun sócmhainní a cheannach i mbonneagar sóisialta i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014;

ii. an úsáid is fearr a bhaint as na forálacha lena gceadaítear cabhair um maoiniú riosca do FBManna i gcomhréir le hAirteagail 21 agus 21a de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 mar shampla trí chistí infheistíochta a bhunú ina mbeidh infheisteoirí príobháideacha rannpháirteach chun tacú go sonrach le fiontair shóisialta agus dreasachtaí cánach a chur ar fáil d'infheisteoirí príobháideacha neamhspleácha ar daoine nádúrtha iad a sholáthraíonn maoiniú riosca go díreach nó go hindíreach do na fiontair incháilithe;

iii. i bhfianaise cabhair nuathionscanta lena gcuirtear ar chumas fiontair bheaga neamhliostaithe ionstraimí cabhrach éagsúla a fháil amhail iasachtaí ar lacáiste, ráthaíochtaí le préimheanna boga, nó deontais i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014;

iv. infheistiú i ndaoine trí scéimeanna cabhrach a ghlacadh chun oibrithe atá faoi mhíbhuntáiste nó atá faoi mhíbhuntáiste mór a ath- imeascadh sa mhargadh saothair i gcomhréir le hAirteagail 32 agus 35 de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014;

v. cuimsiú iomlán oibrithe faoi mhíchumas i ngach cineál gnólachta a éascú le tacaíocht ó fhóirdheontais shonracha, lena n- áirítear fóirdheontais phá, d'fhiontair i gcomhréir le hAirteagail 33 agus 34 de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014;

vi. tacú le tógáil nó uasghrádú bonneagair áitiúil, a bhféadfadh bonneagar sóisialta áitiúil a bheith san áireamh ann, trí chabhair a dheonú chun an difríocht idir na costais infheistíochta agus brabús oibriúcháin na hinfheistíochta a chumhdach i gcomhréir le hAirteagal 56 de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014.

(b) I gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, moltar do na Ballstáit féachaint cé na seirbhísí arna soláthar ag eintitis an gheilleagair

shóisialta a d'fhéadfaí a shainiú agus a mhaoiniú mar sheirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, mar shampla i réimse na hoibre maidir le imeascadh daoine leochaileacha, i dtithíocht shóisialta nó i seirbhísí sláinte agus sóisialta amhail cúram leanaí, cúram do dhaoine scothaosta nó daoine faoi mhíchumas; is féidir go mbeidh cúiteamh as seirbhísí a chomhlíonann riachtanais shóisialta, faoi choinníollacha áirithe, díolmhaithe ón oibleagáid um fhógra a thabhairt,, gan beann ar mhéid an chúitimh a fuarthas, faoi Chinneadh ón gCoimisiún an 20.12.2011 (2012/21/AE)[83];

(c) úsáid a bhaint as an raon feidhme atá ar fáil chun méideanna trédhearcacha de chabhair *de minimis* a dheonú.

**Cánachas**

18. Gan dochar do na rialacha maidir le Státchabhair, moltar do na Ballstáit:

(a) a áirithiú nach gcuirfidh córais chánachais bac ar fhorbairt an gheilleagair shóisialta agus measúnú a dhéanamh an spreagann córais chánach a fhorbairt go leordhóthanach;

(b) dreasachtaí cánach don earnáil a mheas, mura bhfuil siad deonaithe cheana féin, i gcomhréir lena gcuspóirí beartais shóisialta agus leis na cleachtais atá ann faoi láthair ar fud na mBallstát agus i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n- áireofaí:

i. díolúintí ó cháin chorparáide ar bhrabúis arna gcoinneáil ag eintitis an gheilleagair shóisialta;

ii. dreasachtaí cánach ioncaim i bhfoirm asbhaintí nó creidmheasanna cánach arna ndeonú do dheontóirí príobháideacha agus/nó institiúideacha nó scéim ainmniúcháin faoina bhféadfaidh cáiníocóirí an céatadán socraithe dá ndliteanas cánach ioncaim atá le leithdháileadh ar eintitis sochair phoiblí a léiriú dá n- údarás cánach;

iii. díolúintí cánach ar shochair dhífhostaíochta faighte mar íocaíocht chnapshuime chun aistrithe gnó chuig comharchumainn oibrithe a éascú.

(c) athbhreithniú a dhéanamh ar an ualach comhlíontachta cánach d'eintitis an gheilleagair shóisialta agus é a laghdú i gcás inar féidir;

(d) comhlíontacht a éascú ar leibhéal praiticiúil le haghaidh deonacháin trasteorann chun tairbhe an phobail chun críoch cánachais, mar shampla trí fhoirm chaighdeánaithe den eintiteas is faighteoir atá bunaithe i mBallstát eile a eisiúint maidir le méid an tabhartais, agus an faighteoir agus an deontóir araon a shainaithint;

(e) a áirithiú nach n- úsáidtear eintitis an gheilleagair shóisialta le haghaidh imghabháil cánach, seachaint cánach, pleanáil ionsaitheach cánach nó chun críoch sciúrtha airgid, agus a áirithiú go bhfuil na nósanna imeachta riaracháin gaolmhara éifeachtach agus comhréireach ag an am céanna.

---

83 Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2011 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 106(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí arna dheonú do ghnóthais áirithe a gcuirtear ar a n- iontaoibh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú, (IO L 7, 11.1.2012, lgh. 3-10).

**Tionchar sóisialta a thomhas agus a bhainistiú**

19. I gcomhréir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin dá dtagraítear i bpointe 22(a)v, moltar do na Ballstáit tacú le glacadh cleachtas maidir le tomhas tionchair agus bainistíocht tionchair, go háirithe trí:

(a) cleachtais agus modheolaíochtaí chun tionchar sóisialta a thomhas agus a bhainistiú a ionchorprú i gcreataí beartais náisiúnta agus i gcláir atá nasctha leis an ngeilleagar sóisialta;

(b) tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil bunaithe ar dhea- chleachtais chun cuidiú le heintitis an gheilleagair shóisialta modheolaíochtaí simplí agus praiticiúla tomhais tionchair agus bainistíochta a ghlacadh lena bhfeabhsófar a dtorthaí, lena léireofar a dtionchar sóisialta, agus lena n- éascófar rochtain ar mhaoiniú tionchar- bhunaithe;

(c) eintitis an gheilleagair shóisialta a spreagadh chun a dtionchar a thomhas trí acmhainneacht a fhorbairt trí chistiú tiomnaithe, agus úsáid a bhaint as cuid den airgead poiblí a fhaigheann siad (deontais nó conarthaí) chun a dtionchar sóisialta a thomhas.

**Infheictheacht agus aitheantas**

20. Moltar do na Ballstáit feasacht a mhúscailt faoin ngeilleagar sóisialta agus faoin gcaoi a gcuireann sé le spriocanna sóisialta agus comhshaoil a bhaint amach, go háirithe trí:

(a) fhoirmeacha dlíthiúla sonracha, stádais dhlíthiúla, lipéid agus/nó scéimeanna deimhniúcháin a bhunú nó a oiriúnú don gheilleagar sóisialta, bunaithe ar mheasúnuithe ar an mbreisluach a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, agus aitheantas frithpháirteach deonach a d'fhéadfadh a bheith ann do lipéid agus do dheimhnithe a úsáidtear i mBallstáit eile á mheas. Ba cheart breathnú sna measúnuithe sin ar a mhéid is féidir leo feabhas a chur ar an tuiscint ar an earnáil agus tacú lena forbairt trí rochtain a thabhairt ar bhuntáistí sonracha (amhail dreasachtaí cánach nó solúbthacht i nósanna imeachta sonracha tairisceana/soláthair). Tacóidh an Coimisiún leis an obair sin mar a thuairiscítear faoi phointe 22(a)vi;

(b) feachtais chumarsáide agus imeachtaí múscailte feasachta maidir leis an ngeilleagar sóisialta a eagrú agus a mhaoiniú, lena n- áirítear do na glúnta óga, i gcomhar leis na leibhéil ábhartha rialtais agus institiúidí eile (e.g. ollscoileanna);

(c) treoirthionscnaimh agus dea- chleachtais rathúla a scaipeadh faoi stiúir eintitis an gheilleagair shóisialta, agus gníomhaíocht a chur chun cinn chun an dea- chleachtas sin a mhacasamhlú agus a mhéadú trí líonraí an gheilleagair shóisialta agus trí chumarsáid phoiblí.

21. Moltar do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht an gheilleagair shóisialta trí thaighde a spreagadh agus staidreamh agus sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla a bhailiú, go háirithe trí:

(a) an leas is fearr a bhaint as an tacaíocht atá ar fáil ón gCoimisiún Eorpach chun a gcórais chuntasaíochta náisiúnta a leathnú chun sonraí forlíontacha agus inchomparáide (cuntais satailíte) agus príomhshuirbhéanna teaghlaigh a bhailiú (amhail an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair agus na suirbhéanna a chuireann le EU- SILC) chun faisnéis a bhailiú maidir le rannpháirtíocht sa gheilleagar

sóisialta, lena n- áirítear sonraí imdhealaithe maidir le hinscne agus aois (agus, i gcás inarb indéanta, miondealuithe eile) chun an tionchar ar chruthú fostaíochta a thuiscint;

(b) comhar a spreagadh maidir le staidreamh a fhorbairt i measc údarás poiblí, eagraíochtaí taighde agus an gheilleagair shóisialta, agus raon na bhfoinsí faisnéise amhail cláir, sonraí riaracháin, suirbhéanna agus daonáireamh a leathnú chun sonraí cruinne a bhailiú;

(c) tacú le taighde acadúil agus neamhspleách ar ábhair an gheilleagair shóisialta.

## TACAÍOCHT ÓN AONTAS

22. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tacú le cur chun feidhme an Mholta seo trí oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun creataí beartais agus rialála cumasúcháin a fhorbairt don gheilleagar sóisialta. Áirítear na nithe seo a leanas go háirithe leis sin:

(a) na tionscnaimh a fógraíodh sa phlean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta a chur i gcrích, lena n- áirítear:

i. tairseach Gheilleagar Sóisialta an Aontais Eorpaigh a sheoladh agus a choinneáil ar bun, pointe iontrála soiléir do pháirtithe leasmhara an gheilleagair shóisialta chun faisnéis a fháil maidir le cistiú, beartais, líonraí/ardáin agus tionscnaimh an Aontais, lena n- áirítear forbairt acmhainne;

ii. doiciméid a fhoilsiú maidir leis na creataí cánachais atá ann cheana don gheilleagar sóisialta agus maidir leis an gcóir chánach a chuirtear ar thabhartais trasteorann chun tairbhe phoiblí agus maidir le prionsabal an neamh- idirdhealaithe;

iii. deiseanna piarfhoghlama a éascú d’oifigigh phoiblí ar ábhair a bhaineann leis an ngeilleagar sóisialta trí sheimineáir ghréasáin agus ceardlanna a eagrú. D’fhéadfaí na himeachtaí sin a bhunú ar chleachtaí mapála agus ar bhailiú agus ar mhalartú dea- chleachtais i raon réimsí beartais atá ábhartha don earnáil, rud a chuirfeadh ar chumas rannpháirtithe eolas a roinnt agus straitéisí rathúla a shainaithint. D’fhéadfadh na himeachtaí sin a bheith ina ndeis freisin le haghaidh malartú tráthrialta dea- chleachtas agus piarfhoghlaim idir comhordaitheoirí an gheilleagair shóisialta ó na Ballstáit;

iv. fianaise cháilíochtúil agus chainníochtúil a bhailiú maidir le hoibriú an gheilleagair shóisialta sna Ballstáit, lena n- áirítear trí thacú le taighde faoin gclár oibre Fís Eorpach le haghaidh 2023-2024[84];

v. tacú le tomhas agus bainistíocht ar thionchair shóisialta a fhorbairt trí chleachtais atá ann cheana a mhapáil agus a athbhreithniú, lena n- áirítear conas a chomhlíonann siad riachtanais agus acmhainneachtaí eintiteas an gheilleagair shóisialta, chun feabhas a chur ar an tuiscint agus

[84] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir leis an gclár oibre do 2023-2024 a ghlacadh faoi chuimsiú an chláir shonraigh lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus maidir lena mhaoiniú, COM/2022) 7550.

chun a nglacadh a éascú[85]. Déanfar an obair sin i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara agus beidh sé d'aidhm léi modheolaíochtaí caighdeánacha simplí a fhorbairt d'eintitis an gheilleagair shóisialta chun a dtionchar sóisialta a mheasúnú agus a léiriú;

vi. staidéar a sheoladh ar lipéid agus scéimeanna deimhniúcháin náisiúnta don gheilleagar sóisialta ina ndéanfar tionscnaimh atá ann faoi láthair a mhapáil, dea- chleachtais, gnéithe agus critéir chomhchoiteanna a shainaithint, agus cur chuige comhchoiteann agus treoraíocht choiteann a sholáthar do na Ballstáit, d'fhonn aitheantas frithpháirteach deonach a bhaint amach;

vii. tacaíocht theicniúil a thairiscint do na Ballstáit le haghaidh athchóirithe arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoin ngeilleagar sóisialta ar bhonn déthaobhach agus ar bhonn iltíre araon;

viii. borradh a chur faoin gcomhar trasnáisiúnta sa nuálaíocht shóisialta tríd an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí maidir le Nuálaíocht Shóisialta, trí Iomaíocht Nuálaíochta Sóisialta na hEorpa agus tríd an líonra a bheidh ann amach anseo d'fhiontraithe sóisialta agus de nuálaithe a gheobhaidh tacaíocht faoi chlár an mhargaidh aonair;

ix. tacú le comhchur chun feidhme Conaire Aistrithe den éiceachóras tionsclaíoch maidir le 'Gaireacht agus an Geilleagar Sóisialta' trí ghealltanais na bpáirtithe leasmhara[86] a bhailiú agus trí chomhar a éascú i measc pháirtithe leasmhara éiceachórais maidir leis an aistriú glas agus digiteach;

x. leanúint de rochtain ar chistiú a fheabhsú d'fhiontair shóisialta agus d'eintitis eile an gheilleagair shóisialta, mar shampla trí na táirgí airgeadais faoin gclár InvestEU;

xi. úsáid a bhaint as cleachtais soláthair atá freagrach go sóisialta i nósanna imeachta an Choimisiúin;

xii. cur chun feidhme an phlean a bhreithniú.

(b) faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta seo;

(c) bunaithe ar thuarascálacha na mBallstát dá dtagraítear i bpointe 26, tuarascáil a ullmhú maidir leis an meastóireacht ar na gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar an Moladh seo, a bheidh le cur faoi bhráid an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta lena plé.

## CUR CHUN FEIDHME, FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

23. Moltar do na Ballstáit a straitéisí don gheilleagar sóisialta a ghlacadh nó a thabhairt cothrom le dáta laistigh de 18 mí tar éis ghlacadh an Mholta seo.

---

85 Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), tuarascáil a fhoilsiú a shainaithneoidh agus a dhíphacálfaidh cineálacha cur chuige saincheaptha atá grinnfhiosraithe cheana féin ag eintitis an gheilleagair shóisialta san Eoraip, ag féachaint ar a gcuspóir, a raon feidhme agus a bpríomhghnéithe.

86 Tuarascáil 'Conair aistrithe maidir leis an nGaireacht agus an Geilleagar Sóisialta'.

24. Chun cur chun feidhme rathúil an Mholta seo a áirithiú, moltar do na Ballstáit a socruithe riaracháin agus institiúideacha a athbhreithniú agus a fheabhsú ar leibhéal rialachais uile, mar shampla trí:

(a) ‘ionad ilfhreastail’ a chruthú chun tacaíocht chuíchóirithe áisiúil a sholáthar d’eintitis an gheilleagair shóisialta i réimsí amhail rochtain ar mhaoiniú agus tacaíocht eile;

(b) phointí teagmhála áitiúla agus/nó réigiúnacha don gheilleagar sóisialta a bhunú a fheidhmeoidh mar ambasadóirí an gheilleagair shóisialta agus a chuirfidh an earnáil chun cinn, a chuirfidh tacaíocht idir piaraí ar fáil, a éascóidh rochtain ar chistiú an Aontais agus ar chistiú náisiúnta, agus a dhéanfaidh idirchaidreamh le húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha a bhainistíonn cistí an Aontais;

(c) comhordaitheoirí geilleagair shóisialta a ainmniú in institiúidí poiblí náisiúnta. Ba cheart sainordú soiléir agus freagrachtaí soiléire agus acmhainní leordhóthanacha a bheith ag na comhordaitheoirí sin chun comhordú agus faireachán éifeachtach ar an Moladh a chumasú agus chun comhsheasmhacht a áirithiú i gceapadh beartas ar fud ranna rialtais agus le hinstitiúidí an Aontais.

25. Moltar do na Ballstáit faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta ar chur chun feidhme an Mholta seo, lena n- áirítear trí idirphlé tráthrialta le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus le heintitis an gheilleagair shóisialta chun eolas a dhéanamh, comhairle a thabhairt agus cur leis an meastóireacht dá straitéisí don gheilleagar sóisialta mar aon lena bhfaireachán agus cur chun feidhme.

26. Moltar do na Ballstáit tuairisc a thabhairt don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn atá déanta acu i ndáil leis an Moladh a chur chun feidhme tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis a ghlactha agus arís 5 bliana ina dhiaidh sin.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*